



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Eanáir 2023
(OR. en)

16233/22

Comhad Idirinstiúideach:
2022/0343(NLE)

PECHE 530

GNÍOMHARTHA REACTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige

RIALACHÁN (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ceanglaítear, le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, go nglactar bearta caomhnaithe agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha arna dtarraingt suas ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) agus ag comhlachtaí comhairleacha eile agus aon chomhairle a fhaightear ó chomhairlí comhairleacha.
- (2) Tá sé de dhualgas ar an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leis sin, de réir mar is iomchuí. Faoi Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, socrófar deiseanna iascaireachta i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) de réir mar a leagtar amach in Airteagal 2(2) den Rialachán sin. Ina theannta sin, i gcás stoic atá faoi réir pleananna ilbhliantúla sonracha, ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a bhunú i gcomhréir leis na spriocanna agus na bearta a leagtar síos sna pleananna sin. Faoi Airteagal 16(1) den Rialachán sin, déanfar deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát chun go n-áiritheofar cobhsaíocht choibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic éisc nó gach iascaigh.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

- (3) Ba cheart TACanna a bhunú, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus aird á tabhairt ar ghnéithe bitheolaíocha agus socheacnamaíocha agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háiritiú ag an am céanna, agus i bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, go háirithe le linn chruinnithe na gcomhairlí comhairleacha. Ba cheart na TACanna a bhunú freisin i gcomhréir leis na pleananna ilbhliantúla ábhartha.
- (4) Faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá na stoic uile a raibh teorainneacha gabhálacha ag gabháil leo faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ón 1 Eanáir 2019, ach tá feidhm ag díolúintí áirithe. Ar bhonn moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ghlac an Coimisiún roinnt rialachán tarmlichte lena leagtar síos na mionsonraí, i bhfoirm pleananna maidir le hábhar muirí aiscurtha, a bhaineann le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír.
- (5) Ba cheart a chur san áireamh sna deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic speicis a chumhdaítear leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, nach gceadaítear a thuilleadh i bprionsabal ábhar muirí a aiscur. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith bunaithe ar an bhfigiúr comhairle le haghaidh gabhálacha iomlána arna chur ar fáil ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) (seachas ar an bhfigiúr le haghaidh gabhálacha nó gabhálacha inmhianaithe). Na cainníochtaí a bhféadfar, mar dhíolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, leanúint de bheith á n-aiscur, ba cheart iad a asbhaint ón bhfigiúr comhairle sin le haghaidh gabhálacha iomlána.

- (6) Is ann do stoic áirithe a dtugann ICES comhairle ina leith nach ndéanfaí iad a ghabháil. Mar sin féin, má bunaítear na TACanna le haghaidh na stoc sin ar an leibhéal a moladh, thiocfadh feiniméan an ‘tachtspeicis’ chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin, in iascaigh mheasctha. Chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an t-iascach a choinneáil ar bun i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh, agus an gá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY), is iomchuí TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin. Ba cheart leibhéal na TACanna sin a shocrú chun a áirithiú go laghdófar ráta básmhairleachta na stoc sin agus go gcuirfear dreasachtaí ar fáil chun an roghnaíocht a fheabhsú agus foghabhálacha na stoc sin a sheachaint. Chun gabhálacha na stoc a laghdú a bhfuil TACanna foghabhála socraithe ina leith, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach as a ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéal a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athshlánú go leibhéal inbhuanaithe. Ba cheart bearta teicniúla agus rialaithe a mbeadh dlúthbhaint acu le deiseanna iascaireachta a bhunú freisin chun aischur neamhdhleathach a chosc.
- (7) Chun úsáid deiseanna iascaireachta in iascaigh mheasctha i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a ráthú a mhéid is féidir, is iomchuí linn a bhunú le haghaidh malartuithe cuótaí le haghaidh na mBallstát nach bhfuil aon chuóta acu chun a bhfoghabhálacha dosheachanta a chumhdach.

- (8) Bunaíodh plean ilbhliantúil na Mara Thuaidh le Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus tháinig sé i bhfeidhm in 2018. Bunaíodh plean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair le Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² agus tháinig sé i bhfeidhm in 2019. Ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc a liostaítear in Airteagal 1(1) de na Rialacháin sin a shocrú i gcomhréir le raon luachanna na básmhaireachta iascaireachta as a n-eascraíonn MSY ('raon an F_{MSY} ') agus leis na coimircí dá bhforáiltear sna Rialacháin sin. Leagadh amach raonta an F_{MSY} sa chomhairle ábhartha ó ICES. I gcás nach mbeidh faisnéis eolaíoch leormhaith ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc foghabhála a shocrú i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim, mar a leagtar amach sna Rialacháin sin.

¹ Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

² Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

- (9) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/973 agus Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/472, i gcás ina léireoidh an chomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite aon cheann de na stoic éisc dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den Rialachán sin faoi bhun an phointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais (B_{lim})¹, tá bearta ceartaitheacha breise le déanamh chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil an stoic éisc a athbhunú go tapa os cionn na leibhéil atá in ann an uastáirgeacht inbhuanaithe MSY a tháirgeadh. Féadfar, go háirithe, a áireamh ar na bearta ceartaitheacha sin iascaireacht dhírithé an stoic atá i gceist a chur ar fionraí agus deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc sin nó na stoc eile san iascach a laghdú go leordhóthanach.
- (10) Ba cheart na TACanna le haghaidh tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².
- (11) Maidir le stoic a bhfuil easpa sonraí leordhóthanacha nó iontaofa ina leith ar a bhfuil meastacháin ar mhéid na stoc le bunú, ba cheart, le bearta bainistíochta agus leibhéil TAC, cloí leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistíocht iascach mar a shainítear é in Airteagal 4(1), pointe (8), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus fachtóirí stocshonracha á gcur san áireamh san am céanna, go háirithe an fhaisnéis atá ar fáil faoi threochtaí stoc agus gnéithe maidir le hiascaigh mheasctha.

¹ Is éard atá in B_{lim} an bhithmhais ar féidir acmhainneacht síolraithe laghdaithe a bheith faoina bun.

² Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le plan téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle (IO L 252, 16.9.2016, lch. 1).

- (12) I gcomhréir le plean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/472, déanfar an spriocbhásmhaireacht iascaireachta le haghaidh na stoc a liostaítear in Airteagal 1(1) den Rialachán sin a choinneáil laistigh de raonta an F_{MSY} a shainítear in Airteagal 2, pointe (2), den Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 4 de. Ba cheart, dá bhrí sin, an bhásmhaireacht iascaireachta fhoriomlán le haghaidh doingin mhara Eorpacha (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 8a agus 8b ICES a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES maidir leis an MSY agus luachphointe F_{MSY} , agus gabhálacha tráchtála, lena n-áirítear ábhar muirí tugtha i gcrích agus aischurtha, agus gabhálacha áineasa. Is é luachphointe F_{MSY} luach na básmhaireachta iascaireachta lena dtugtar an MSY fadtéarmach. Ba cheart do na Ballstáit ábhartha (an Fhrainc agus an Spáinn) bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach rachaidh an bhásmhaireacht iascaireachta óna gcabhlaigh iascaigh agus óna n-iascairí áineasa os cionn luachphointe F_{MSY} , mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/472.
- (13) Ba cheart bearta le haghaidh iascaigh áineasa le haghaidh doingin mhara Eorpach i ranna 8a agus 8b ICES a choinneáil ar bun, i bhfianaise an tionchair shuntasáigh a bhíonn acu ar an stoc sin. Ba cheart an teorainn ghabhála a choinneáil ar bun i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch. Ba cheart líonta seasmhacha a eisiáimh, toisc nach bhfuil siad sách roghnach agus is dóichí go ngabfar líon is airde eiseamal ná na teorainneacha atá leagtha síos. I bhfianaise na n-imthosca comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, agus go háirithe spleáchas na n-iascairí tráchtála sna pobail cois cósta ar na stoic atá i gceist, leis na bearta sin maidir le doingin mhara Eorpacha, tá cothromaíocht iomchuí ann idir leasanna na n-iascairí tráchtála agus na n-iascairí áineasa. Go háirithe, leis na bearta sin cuirtear ar a gcumas d'iascairí áineasa iascaireacht a dhéanamh trína dtionchar ar na stoic sin a chur san áireamh.

- (14) An 4 Samhain 2021, le haghaidh 2022 mhol ICES gur cheart gan aon ghabháil eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*) a bheith ann i ngach gnáthóg agus ag gach céim den saol, ar fud a raoin nádúrtha, nuair a chuirtear an cur chuige réamhchúraim i bhfeidhm. Baineann sé sin le gabhálacha áineasa agus tráchtála araon agus áirítear leis gabhálacha eascann gloine le haghaidh athstocála agus feirmeoireachta. D’admhaigh ICES freisin go bhféadfaidh gabhálacha chun críche scaoilte ina dhiaidh sin, agus chun na críche sin amháin, a bheith mar chuid de bhearta caomhnaithe má chuireann bearta den sórt sin feabhas ar an dóchúlacht fhoriomlán marthanais. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na Comhairlí Comhairleacha agus le grúpaí réigiúnacha na mBallstát maidir leis an mbealach is fearr chun an chomhairle sin ó ICES a chur chun feidhme. Thairis sin, an 30 Bealtaine 2022 chuir ICES in iúl nach ndearnadh aon dul chun cinn foriomlán, d’ainneoin iarrachtaí na mBallstát, maidir le baint amach an chuspóra ligean do 40 % de bhithmhais na n-eascann geal éalú ar fud an Aontais ina iomláine, mar a cheanglaítear le hAirteagal 2(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007¹ ón gComhairle, agus nár breathnaíodh aon phatrún soiléir maidir le mortlaíocht. Mhol ICES freisin gur cheart na hiarrachtaí a dhíriú ar na bearta caomhnaithe lena mbaineann dóchúlacht ard, de réir a sainmhínithe, go ndéanfar básmhaireacht a laghdú agus go gcuirfear le héalú.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2007 lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú (IO L 248, 22.9.2007, lch. 17).

- (15) Ag an 45ú cruinniú bliantúil a bhí ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) in 2022, ghlac sé Moladh CGIM/45/2022/1 lena dtreisítear na bearta bainistíochta don eascann Eorpach sa Mheánmhuir (folimistéir gheografacha 1 go 27 CGIM) a bunaíodh roimhe sin le Moladh CGIM/42/2018/1. Áirítear ar na bearta sin tréimhse choiscthe bhliantúil 6 mhí a bheidh le cinneadh ag gach Páirtí Conarthach i gcomhréir leis an bplean bainistíochta nó leis na pleananna bainistíochta le haghaidh na heascainne agus le patrúin imirce aimseartha na heascainne sna Páirtithe Conarthacha, chomh maith le toirmeasc ar iascaigh áineasa. Féadfaidh Páirtithe Conarthacha a chinneadh tréimhse choiscthe 6 mhí as a chéile a bhunú nó tréimhse choiscthe a bhunú ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta agus 3 mhí bhreise a roghnú idir an 1 Aibreán agus an 30 Samhain. Ba cheart feidhm a bheith ag an tréimhse choiscthe le haghaidh gníomhaíocht tráchtála agus an toirmeasc ar iascaigh áineasa maidir le huiscí muirí uile na Meánmhara agus le huiscí goirte amhail inbhir, murlaigh chósta agus uiscí trasdultacha, i gcomhréir le Moladh CGIM/42/2018/1 sin. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ós rud é nach bhfuil feidhm ag Moladh CGIM/45/2022/1 maidir leis an Muir Dhubh agus ós rud é nach gnáthóg nádúrtha le haghaidh na heascainne Eorpaí iad an Mhuir Dhubh ná na habhainnchórais atá nasctha léi chun críocha Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007¹, níor cheart feidhm a bheith ag na bearta maidir le heascann maidir leis an Muir Dhubh (folimistéar geografach CGIM 29).

¹ Féach Cinneadh ón gCoimisiún an 4 Aibreán 2008 lena mbunaítear nach gnáthóg nádúrtha don eascann Eorpach iad an Mhuir Dhubh ná na habhainnchórais atá nasctha léi chun críocha Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle, IO L 98, 10.4.2008, lch. 14.

- (16) An 3 Samhain 2022, d'athdhearbhaigh ICES le haghaidh 2023 an chomhairle uaidh maidir le gabhálacha nialasacha eascann i ngach gnáthóg. Ar bhonn na comhairle sin, agus an t-aiseolas a fuarthas le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara á chur san áireamh, is iomchuí síneadh a chur leis an tréimhse choiscthe go 6 mhí le haghaidh aon ghníomhaíocht iascaireachta eascann in uiscí de chuid an Aontais san Atlantach Thoir Thuaidh. Ba cheart go ndéanfaidh tréimhse choiscthe 6 mhí an stoc a chosaint níos fearr ná bearta reatha an Aontais agus na bearta náisiúnta. Leis an tréimhse choiscthe sínithe cumasófar bearta athstocála leanúnacha agus ag an am céanna cuirfear le hathbhunú an stoic eascann geal, rud a chuirfidh le baint amach an chuspóra a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle ligean do 40 % ar a laghad d'eascanna fásta éalú.

- (17) Sna huiscí ábhartha uile bíonn tionchar ag raon leathan toasca comhshaoil agus bitheolaíocha ar an tréimhse a théann eascanna ar imirce agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sí a bheith éagsúil ag brath ar an gcéim i saol eascainne, agus ag brath ar an ngnáthóg agus ar an limistéar geografach, go háirithe caolais. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith iomchuí tréimhsí coiscthe éagsúla a shocrú, go háirithe do limistéir éagsúla iascaireachta i mBallstát agus d'iascaigh éagsúla laistigh de na limistéir iascaireachta sin, chun na gnéithe sin chomh maith le patrúin imirce aimseartha agus geografacha na heascainne a chur san áireamh ag céim na heascainne gloine agus na heascainne airgid faoi seach. Ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann an tréimhse choiscthe ábhartha nó na tréimhsí coiscthe ábhartha a chinneadh bunaithe ar na gnéithe sin.
- (18) De bhun Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle, is beart caomhnaithe é eascann ghloine a athstocáil arna roghnú ag Ballstáit áirithe ina bpleananna bainistíochta eascann. Chun a chur ar chumas na mBallstát sin leanúint den bheart caomhnaithe sin a chur chun feidhme, tá gá le gabhálacha eascann gloine ag an am iomchuí den bhliain. Chun inmharthanacht eacnamaíoch iascach eascann gloine a áirithiú, is gá gabháil roinnt eascann gloine a chumasú chun críocha eile freisin. Ar deireadh, i bhfianaise staid an stoic eascann, is iomchuí cosc a chur ar iascaigh áineasa eascann.
- (19) Is í an chomhairle eolaíoch atá i bhfeidhm maidir le stoic ealásmabraínciáigh (sciataí, siorcanna, roic) gan aon ghabháil a dhéanamh, de dheasca dhrochstádas caomhnaithe na stoc sin. Ina theannta sin, ciallaíonn rátaí arda marthanais go dtacódh an t-aischur, seachas gabhálacha a thabhairt i dtír, le caomhnú na stoc sin, ós rud é nach meastar go méadódh an t-aischur a mbásmhaireacht iascaireachta go mór. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar speiceas den sórt sin a iascach. Faoi Airteagal 15(4), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, níl feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leis na speicis a bhfuil lánchosc iascaireachta ina leith.

- (20) I gcás speicis áirithe, amhail speicis áirithe siorcanna, d'fhéadfadh fiú gníomhaíocht theoranta iascaireachta a bheith ina siocair le riosca tromchúiseach caomhnaithe. Ba cheart mar sin srian iomlán a chur ar dheiseanna iascaireachta i gcás speicis den chineál sin trí bhíthin toirmeasc ginearálta ar iascaireacht a dhéanamh orthu.
- (21) Ag an 12ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (Mainile, an 23-28 Deireadh Fómhair 2017), cuireadh roinnt speiceas leis na liostaí de speicis faoi chosaint i bhFoscúbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le cosaint na speiceas sin i ndáil le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a fheidhmíonn sna huiscí uile agus maidir le soithí tríú tír a fheidhmíonn in uiscí an Aontais.
- (22) Chun an úsáid a bhaintear as deiseanna iascaireachta a uasmhéadú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le socrú solúbtha a chur chun feidhme idir limistéir áirithe TAC inarb é an stoc bitheolaíoch céanna atá i gceist.

- (23) Le Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle¹, tugadh coinníollacha breise isteach maidir le TACanna a bhainistiú ó bhliain go bliain, lena n-áirítear forálacha solúbthachta le haghaidh TACanna réamhchúraim agus TACanna anailíseacha (Airteagail 3 agus 4). Faoi Airteagal 2 den Rialachán sin, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á mbunú aici, cé na stoic nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 den Rialachán sin maidir leo, go háirithe ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc. Le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 tugadh isteach an sásra solúbthachta ó bhliain go bliain le haghaidh na stoc uile atá faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír. Chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de phrionsabal shaothrú céillí freagrach na n-acmhainní bitheolaíocha muirí, gnóthú chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) agus stádas bitheolaíoch na stoc, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le TACanna anailíseacha ach amháin i gcás nach mbaintear leas as an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.
- (24) I gcás nach gcionroinnfear TAC ach ar aon Bhallstát amháin, is iomchuí a thabhairt de chumhacht don Bhallstát sin an TAC sin a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ba cheart a áirithiú go ngníomhóidh an Ballstát, agus leibhéal TAC á chinneadh aige, ar bhealach a bheidh comhsheasmhach go hiomlán le prionsabail agus le rialacha CBI.
- (25) Ní mór na huasteorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh 2023 a bhunú i gcomhréir le hAirteagail 5, 6, 7 agus 9 de Rialachán (AE) 2016/1627 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3).

- (26) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle¹, agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 den Rialachán sin, maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta a thairfeadh agus maidir le fógra a thabhairt faoi shonraí i ndáil le hídiú deiseanna iascaireachta. Is gá, dá bhrí sin, na cóid atá le húsáid ag na Ballstáit a shonrú agus sonraí á gcur chuig an gCoimisiún maidir le stoic éisc a thabhairt i dtír atá faoi réir an Rialacháin seo.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

(27) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2022, d’athdhearbhaigh an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) na bearta caomhnaithe maidir leis an dá stoc péirsí mara (*Sebastes mentella*) (peiligeach éadomhain agus peiligeach domhain) i Muir Irminger agus sna huiscí máguaird, lena cuireadh toirmeasc ar iascach dírithe ar na stoic sin agus toirmeasc ar aon ghníomhaíochtaí tacaíochta. Ina theannta sin, chuir NEAFC toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar ina gcomhchruinníonn péirsí mara, chun foghabhálacha a íoslaghdú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Níor ghlac NEAFC moltaí maidir le péirsí mara agus haileabó Graonlannach i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES. Ba cheart, dá bhrí sin, cuótaí an Aontais a shocrú i gcomhréir le seasamh an Aontais arna chur in iúl in NEAFC. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil an plé ar chur chun feidhme na tuisceana polaitiúla idir an tAontas agus an Iorua i ndáil leis na hiascaigh i limistéir 1 agus 2 ICES ar siúl, is iomchuí go mbunódh an tAontas, tar éis an 31 Márta 2023, an TAC le haghaidh péirsí mara in uiscí idirnáisiúnta d’fholimistéir 1 agus 2 ICES, toisc go bhfuil an t-iascach teoranta don tréimhse ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2023, agus is iomchuí go mbunódh an tAontas cuóta sealadach de chuid an Aontais le haghaidh haileabó Graonlannach in uiscí idirnáisiúnta d’fholimistéir 1 agus 2 ICES don chéad ráithe de 2023 ag 25 % de chuóta foriomlán an Aontais de 1 711 tona, arb ionann é agus 9.25 % den TAC arna mholadh ag an Aontas ag cruinniú bliantúil NEAFC (18 494 tona).

- (28) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2022, chomhaontaigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) na TACanna a socraíodh in 2022 a choinneáil in 2023 le haghaidh colgáin na Meánmhara agus an Atlantaigh Thuaidh (*Xiphias gladius*), tuinníní colgacha na Meánmhara (*Thunnus alalunga*), mairlí gorma (*Makaira nigricans*), mairlí geala (*Tetrapturus albidus*), tuinníní buí (*Thunnus albacares*), tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) agus siorcanna gorma (*Prionace glauca*). Chomh maith leis sin, shocraigh ICCAT TACanna 2023 do thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) agus do cholgáin an Atlantaigh Theas arb ionann iad agus 40 570 tona agus 10 000 tona faoi seach. Ghlac ICCAT cuótaí leithdháilte freisin do thuinníní colgacha na Meánmhara do 2023 agus 2024. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (29) Den chéad uair, ghlac ICCAT nós imeachta bainistíochta le haghaidh tuinníní gorma Atlantacha. Is é is aidhm don bheart seo iascaigh fhadtéarmacha, inbhuanaithe agus brabúsacha a áirithiú i stoc an iarthair agus i stoc an Atlantaigh Thoir agus na Meánmhara araon. Leis an nós imeachta bainistíochta cuirtear na cuspóirí bainistíochta do Thuinníní Gorma Thoir agus Thiar chun feidhme, lena n-áirítear timthriallta bainistíochta 3 bliana, agus sceideal cur chun feidhme suas le 2028 a ghlacadh. Tá an TAC de bhun an nós imeachta bainistíochta don tréimhse 2023-2025 cothrom le 40 570 tona in aghaidh na bliana do stoc an Atlantaigh Thoir agus na Meánmhara. Ba cheart, dá bhrí sin, na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

- (30) Ghlac ICCAT plean bainistíochta le haghaidh mácó biorshrónach an Atlantaigh Theas (*Isurus oxyrinchus*) a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT eile, ag tosú in 2023 chun cur i gcoinne na ró-iascaireachta láithreach, agus leibhéil bhithmhaise a bhaint amach de réir a chéile ar leor iad chun tacú le MSY. Leis an bplean sin, is féidir foghabhálacha de mhácó biorshrónach an Atlantaigh Theas a choinneáil ag 1 295 tona san iomlán, arb ionann é agus 503 thona le haghaidh an Aontais. De réir Mholadh ICCAT, ní hionann an liúntas coinneála teoranta agus aon cheart fadtéarmach agus tá sé gan dochar d'aon phróiseas leithdháilte amach anseo. Ba cheart, dá bhrí sin, an beart sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí TAC foghabhála agus cuóta comhfhreagrach de chuid an Aontais a bhunú.
- (31) Chun básmhaireacht iascaireachta tuinníní mórshúileacha óga agus tuinníní buí a laghdú, choinnigh ICCAT uasteorainn de 300 feiste comhthiomsaithe éisc (FADanna) in aghaidh an tsoithigh iascaireachta in 2023 agus tréimhse choiscthe 72 lá le haghaidh úsáid FADanna. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (32) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2021, ghlac ICCAT plean atógála 15 bliana le haghaidh tuinníní colgacha na Meánmhara ó 2022 go 2036. Le haghaidh 2023, shocraigh ICCAT an TAC le haghaidh thuinníní colgacha na Meánmhara ag 2 500 tona. Anuas air sin, shocraigh ICCAT TAC 37 801 thona le haghaidh thuinníní colgacha an Atlantaigh Thuaidh don tréimhse ó 2022 go 2023, bunaithe ar an riail rialaithe gabhála d'fhonn nós imeachta bainistíochta fadtéarmach a ghlacadh don stoc sin. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

- (33) Faoi roinnt moltaí ICCAT, féadfaidh an tAontas, arna iarraidh sin, céatadán dá chuóta de stoic nár úsáideadh faoi ICCAT a thabhairt anonn sa tréimhse 2 bhliain. Ba cheart na moltaí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais ar bhonn an togra ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2022¹ a luaithe is féidir, ionas gur féidir leis na Ballstáit cuótaí an Aontais a úsáid le haghaidh stoic ICCAT ina n-iomláine mar a fhoráiltear ag ICCAT le haghaidh 2023. Go dtí go gcuirfead na moltaí sin chun feidhme i ndlí an Aontais, ba cheart cuótaí a bhunú do Bhallstáit aonair le haghaidh stoic áirithe ar bhonn cuóta iomlán an Aontais do 2023 mar a chomhaontaigh ICCAT é sula ndéanfar aon choigeartú mar thoradh ar ró-iascaireacht nó tearc-iascaireacht ag na Ballstáit. Na coigeartuithe ar chuótaí na mBallstát aonair le haghaidh 2023 lena léirítear aon asbhaintí a chuir ICCAT i bhfeidhm, ba cheart iad a dhéanamh ina dhiaidh sin ar bhonn rialacha an Aontais maidir le hasbhaintí de bhun Airteagal 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus an Teachtaireacht ón gCoimisiún² maidir le treoirlínte chun cuótaí a asbhaint faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) den Rialachán sin á cur san áireamh.
- (34) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2022, ghlac an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha (CCAMLR) teorainneacha gabhála le haghaidh na spriocspeiceas agus na speiceas foghabhála araon le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 30 Samhain 2023. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

¹ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) 2022/... lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

² Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirlínte chun cuótaí a asbhaint faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus a chuirtear in ionad Theachtairacht 2012/C 72/07 2022/C 369/03 (C/2022/6757) (IO C 369, 27.9.2022, lch. 3).

- (35) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2022, choinnigh an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) na bearta ar bun a glacadh roimhe sin agus ab infheidhme i Limistéar Inniúlachta IOTC. Ba cheart leanúint de na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (36) Tionólfar cruinniú bliantúil na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) ón 6 go dtí an 15 Feabhra 2023. Ba cheart, dá bhrí sin, na bearta reatha i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna a choinneáil go sealadach go dtí go dtionólfar an cruinniú bliantúil agus go dtí go gcinnfear na TACanna do 2023.
- (37) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2022, chinn an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (WCPFC) na bearta reatha is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin a choinneáil ar bun. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (38) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2022, dhearbhaigh an Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (CCSBT) an TAC don tuinnín gorm Deisceartach (*Thunnus maccoyii*) le haghaidh 2023, arna ghlacadh ag cruinniú bliantúil 2020 ar feadh tréimhse 3 bliana (ó 2021 go 2023). Ba cheart an beart sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (39) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aici in 2022, chinn Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO) an chuid is mó de na TACanna a socraíodh do 2022 le haghaidh na bpríomhspeiceas faoina cúram a choinneáil ar bun go dtí go mbeidh an chéad chruinniú bliantúil eile aici in 2023.

- (40) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2022, chinn an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) na bearta reatha is infheidhme i limistéar Choinbhinsiún WCPFC a choinneáil ar bun. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (41) Ag an 44ú cruinniú bliantúil a bhí aici in 2022, ghlac Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) deiseanna iascaireachta i gcás stoic áirithe i bhfolimistéir 1 go 4 de limistéar Choinbhinsiún NAFO le haghaidh 2023. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (42) Ag an 9ú cruinniú a bhí ag Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) in 2022, coinníodh ar bun na deiseanna iascaireachta a glacadh roimhe sin le haghaidh na stoc a chumhdaítear leis an gComhaontú sin. Ba cheart leanúint de na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (43) Faoi Airteagal 498(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile¹ (“an Comhaontú Trádála agus Comhair”), déanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin a reáchtáil go bliantúil, faoin 10 Nollaig gach bliain, chun na TACanna don bhliain dár gcionn a chomhaontú le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Mura dtabharfar na TACanna sin i gcrích faoin 10 Nollaig, tá na Páirtithe le dul i mbun comhairliúcháin arís láithreach agus é mar aidhm leanúnach acu teacht ar chomhaontú maidir leis na TACanna, mar a cheanglaítear le hAirteagal 499(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair..

¹ IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

- (44) In 2022, reáchtáil an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua comhairliúcháin thríthaobhacha maidir le sé stoc a chomhroinntear agus a bhainistítear go comhphárteach a bhíonn laistigh de na limistéir atá faoi dhlínse na dtrí Pháirtí, agus é d'aidhm acu teacht ar chomhaontú maidir leis na stoic sin a bhainistiú, lena n-áirítear na deiseanna iascaireachta do 2023. Rinneadh na comhairliúcháin sin idir an 3 Samhain agus an 9 Nollaig 2022, ar bhonn an tseasaimh ón Aontas arna fhorghuiniú ag an gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2022. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú i dtairfead comhaontaithe, a shínigh Cinn Toscaireachta an Aontais, na Ríochta Aontaithe agus na hIorua an 9 Nollaig 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, na deiseanna ábhartha iascaireachta a shocrú ar an leibhéal a chomhaontaítear leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua, mar aon leis na forálacha eile sa tairfead comhaontaithe.
- (45) Déantar bearta feabhais a comhaontaíodh go comhphárteach in 2022 leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua maidir le trosc sa Mhuir Thuaidh a choinneáil ar bun chun go bhféadfar an stoc a athshlánú agus a bhainistiú go fadtéarmach ar bhealach inbhuanaithe i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/973.
- (46) Reáchtálann an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha gach bliain leis an Iorua maidir le dhá stoc a chomhroinntear agus a bhainistítear go comhphárteach i limistéar Skagerrak, agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú maidir leis na stoic sin a bhainistiú, lena n-áirítear na deiseanna iascaireachta don chéad bhliain eile, chomh maith le malartú cuótaí agus socruithe rochtana.

- (47) Reáchtálann an tAontas comhairliúcháin iltaobhacha le Stáit chósta maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú do stoic mhóra pheiligeacha, lena n-áirítear ronnaigh, faoitíní gorma agus scadáin an Atlantaigh-Chríoch Lochlann agus maidir le socrú comhroinnte le haghaidh ronnach.
- (48) Ós rud é nár tugadh na comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua chun críche go fóill, ba cheart don Chomhairle, agus lánurraim á tabhairt aici do Choinbhinsiún na Náisiún maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), TACanna sealadacha a shocrú a mhéid a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta, agus in uiscí a dtugann tríú tíortha rochtain do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais orthu, agus an Iorua a chur ar an eolas faoin méid sin. Tá na TACanna sealadacha sin bunaithe ar thar-rolladh TACanna 2022 arna nglacadh ag an gComhairle, agus cóimheas 25 % á chur i bhfeidhm aici le leibhéal TAC 2022, chun an chéad ráithe de 2023 a chumhdach.
- (49) Tá sé d'aidhm ag na TACanna sealadacha deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoírí an Aontais agus a áirithiú go leanfar de ghníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe go dtí go dtabharfar na comhairliúcháin i gcrích i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus oibleagáidí idirnáisiúnta nó, mura féidir iad a thabhairt i gcrích go rathúil, go dtí go mbunóidh an Chomhairle TACanna aontaobhacha cinntitheacha an Aontais.

(50) An 16 Nollaig 2022, tháinig an tAontas ar chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe maidir le líon mór TACanna a shocrú le haghaidh 2023 le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann le TCA. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú sa Taifead i Scríbhinn, a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 20 Nollaig 2022 agus a shínigh Ceann Toscaireachta na Ríochta Aontaithe agus ionadaí an Choimisiúin thar ceann an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 498(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus le Cinneadh (AE) 2021/1875¹ ón gComhairle. Is toradh é an Taifead i Scríbhinn ar chomhairliúcháin arna ndéanamh ag an Aontas leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagail 498(2), 498(4) agus 498(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 2, 3, 28 agus 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, Airteagail 4 agus 5 de phleananna ilbhliantúla Uiscí an Iarthair agus na Mara Thuaidh, agus Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle. Bunaíodh an seasamh ón Aontas le linn na gcomhairliúchán ar na cuspóirí agus na prionsabail sin agus ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá raibh ar fáil arna soláthar go príomha ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) i gcomhréir le hAirteagal 494(3)(c) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Ba cheart na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú ar an leibhéal a leagtar amach sa Taifead i Scríbhinn sin, agus ba cheart na bearta eile atá nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Taifead i Scríbhinn sin freisin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

¹ Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (IO L 378, 26.10.2021, lch. 6).

- (51) Tá stoic chomhroinnte áirithe ann a bhainistítear go comhpháirteach leis an Ríocht Aontaithe, ar stoic iad a bhfuil comhairle eolaíoch maidir le gabhálacha nialasacha eisithe ag ICES ina leith, agus measúnú á dhéanamh orthu in aghaidh an MSY. Dá mbunófaí TACanna le haghaidh na stoc sin ar an leibhéal a léirítear sa chomhairle sin, thiocfadh feiniméan an ‘tachtspeicis’ chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe araon, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin, a thabhairt i dtír. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá leanúint leis an iascach measctha sin i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d’fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh briseadh iomlán san iascach sin agus an gá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc an tráth céanna in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur iomchuí le haghaidh na stoc sin TACanna sonracha a bhunú maidir le foghabhálacha. Ba cheart leibhéal na TACanna sin a shocrú chun a áirithiú go laghdófar ráta básmhairreachta na stoc sin agus go gcuirfear dreasachtaí ar fáil chun an roghnaíocht a fheabhsú agus foghabhálacha na stoc sin a sheachaint. Ba cheart leibhéil na ndeiseanna iascaireachta maidir leis na stoic sin a bhunú i gcomhréir leis an Taifead i Scríbhinn chun cothrom iomaíochta a áirithiú d’oibreoirí an Aontais agus foráil á dhéanamh maidir le téarnamh suntasach bhithmhais na stoc sin.

(52) Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc langaí gorma in uiscí idirnáisiúnta 1 agus 2 ICES (BLI/12INT-), langaí gorma Mhuir Thuaidh (BLI/24-), langaí gorma Skagerrak (BLI/03/A), trosc Mhuir Éireann (COD/07A), trosc Iarthar na hAlban (COD/5BE6A), trosc Mhuir Cheilteach (COD/7XAD34), scadán Mhuir Cheilteach (HER/7G-K), bolmán (an tIarthar) (JAX/2A-14)¹, deargán 6, 7 agus 8 (SBR/678-) agus faoitín Mhuir Éireann (WHG/07A) faoi bhun na bpointí tagartha bithmhaise (B_{lim}), chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur gá, mar bheart ceartaitheach breise, i ndáil leis na stoic sin níor cheart aon solúbthacht ó bhliain go bliain a úsáid le haghaidh aistrithe ó 2022 go 2023, ionas nach rachaidh gabhálacha in 2023 thar an TAC a bunaíodh do na stoic sin. Dá bhrí sin, tá ráiteas déanta ag na Ballstáit lena mbaineann á gheallúint nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht sin le haghaidh na stoc sin. Cumhdaítear sa ráiteas sin freisin trosc Kattegat (COD/03AS), an gránadóir cruinnsocach Skagerrak, Kattegat agus Muir Bhailt (RNG/03-), an Mhuir Thuaidh, an Mhuir Thuaidh (PRA/2AC4-C), an sól coiteann Thiar d'Albain (SOL/56-14) agus an bholmán (ó dheas) (JAX/08C.), stoic uathrialacha a bhfuil an bhithmhais faoi bhun B_{lim} freisin.

¹ Cuimsítear leis seo bolmáin Dheisceartacha (JAX/8C.).

- (53) D'aontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, i bhfianaise an fheabhsaithe mheasta ar stádas stoic an fhíogaigh ghobaigh (*Squalus acanthias*), nár cheart an stoc sin a bheith toirmisce a thuilleadh ach, chun comhpháirt den stoc sin atá an-leochaileach ó thaobh básmhaireachta iascaireachta a chosaint, gur iomchuí cosc a chur ar iascaigh dhírithe díriú ar chomhbhailiúcháin de chinn bhaineanna aibí. Chuige sin, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur cheart uasmhéid 100 cm a urramú agus iad ag díriú ar fhíogaigh ghobacha. Tá nasc feidhmiúil idir an beart sin agus TAC an stoic éisc, ós rud é in éagmais an bhirt sin nach n-áiríteodh leibhéal an TAC amháin cosaint leordhóthanach do bhaineannaigh bhreithe, ar cuid an-leochaileach den daonra iad. Ba cheart gan fheidhm a bheith ag an uasmhéid sin a thuilleadh ar an dáta a thiochfaidh gníomh tarmiligthe i bhfeidhm lena dtugtar isteach bearta comhfhreagracha agus lena rialaítear láimhseáil ghabhálacha na stoc sin os cionn 100 cm.
- (54) Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe rochtain chómhálartach in 2023 chun iomlán tosaigh 280 tona de thuinníní colgacha an Tuaiscirt a spriocdhíriú ina limistéir eacnamaíocha eisiacha. Ní áirítear leis sin rochtain ar limistéir a chumhdaítear faoi Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.
- (55) Liosta na stoc a bhfuil feidhm ag tar-rolladh TAC is airde ná 25 % ina leith, tá sé bunaithe ar an anailís ar ghlacadh an chuóta ag na Ballstáit sa chéad ráithe de na 3 bliana deireanacha a bhfuil sonraí ina leith ar fáil (2018-2021). Is i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES, leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme de chuid an Aontais agus leis an gComhaontú Trádála agus Comhair atá na TACanna sealadacha méadaithe sin. Cuirfidh siad ar a gcumas do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais na deiseanna iascaireachta a bhfuil siad ina dteideal a úsáid, agus a mbainfí díobh murach sin, de dhroim shéasúracht na hiascaireachta ar na stoic lena mbaineann.

- (56) Meastar gur leor an leibhéal sin i gcás shoithí iascaireachta de chuid an Aontais ar a laghad go dtí an 31 Márta 2023.
- (57) Tabharfaidh an tAontas fógra do na tríú tíortha ábhartha maidir leis na TACanna sealadacha.
- (58) Leanfar de thréimhsí coiscthe séasúracha le haghaidh iascaigh corr gainimh le trealamh tarraingthe áirithe i ranna 2a, 3a agus folimistéar 4 ICES ionas go mbeifear in ann láithreacha sceite agus teorannú gabhálacha óga a chosaint.
- (59) I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus sa Phrótocal lena gcuirfí an Comhaontú¹ sin chun feidhme, tá leibhéal na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil le haghaidh an Aontais in uiscí na Graonlainne in 2023 bunaithe ag an gComhchoiste. Rinneadh leibhéal na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil don Aontas in uiscí na Graonlainne in 2023 a dhoiciméadú i miontuairiscí chruinniú an Chomhchoiste a tionóladh an 23 agus an 24 Samhain 2022 sa Bhruiséil. Ba cheart, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta ábhartha a shocrú ar an leibhéal a leagtar amach sna miontuairiscí sin, agus na haistrithe ionchasacha chuig an Iorua faoin malartú bliantúil deiseanna iascaireachta á gcur san áireamh.

¹ IO L 175, 18.5.2021, lch. 3.

- (60) Déantar na deiseanna iascaireachta le haghaidh na gcaibeallán (*Mallotus villosus*) in uiscí na Graonlainne de 5 agus 14 le haghaidh na tréimhse iascaireachta ón 15 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 15 Aibreán 2023 a mharcáil mar ‘le bunú’ i Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle. An 5 Deireadh Fómhair 2022, chuir údaráis na Graonlainne eolas ar fáil faoi leibhéal an chuóta caibeallán a cuireadh ar fáil don Aontas le haghaidh shéasúr iascaireachta 2022-2023 faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe agus an Phrótacail cur chun feidhme a ghabhann leis, a chomhfhreagraíonn do 7 760 tona. De bhun Taifead Comhaontaithe na gcomhairliúchán iascaigh idir an tAontas agus an Iorua le haghaidh 2022, a síníodh an 10 Nollaig 2021, ba cheart an chainníocht sin a aistriú chuig an Iorua le haghaidh shéasúr iascaireachta 2022-2023. Ba cheart, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta a shocrú dá réir.
- (61) A mhéid a bhaineann leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bportán sneachta (*Chionoecetes* spp.) timpeall ar limistéar Svalbard, deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) (‘Conradh Pháras 1920’) rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i ndáil le hiascaireacht. Leagadh amach seasamh an Aontais maidir leis an rochtain sin, a mhéid a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar phortáin sneachta ar an scairbh ilchríochach timpeall ar Svalbard, i roinnt *notes verbales* chuig an Iorua, arb iad na cinn dar dáta an 26 Feabhra 2021, an 28 Meitheamh 2021 agus an 1 Lúnasa 2022 na cinn is déanaí. Chun a áirithiú go mbeidh saothrú portán sneachta timpeall ar Svalbard comhsheasmhach le cibé rialacha bainistíochta neamh-idirdhealaitheacha a d’fhéadfadh an Iorua a leagan amach, a bhfuil ceannasacht agus dlínse aici sa limistéar i gcomhréir le forálacha ábhartha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Chonradh Pháras 1920, is iomchuí an líon soithí dá n-údaráítear an t-iascach sin a dhéanamh a shocrú. Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta sin i measc na mBallstát teoranta do 2023. Meabhraítear gur ar na Ballstáit bhrataí atá an phríomhfhreagracht, san Aontas, comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú.

(62) A mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc in uiscí Svalbard, deonaítear le Conradh Pháras 1920 rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní timpeall ar Svalbard do gach páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i ndáil le hiascaireacht. Ba cheart, dá bhrí sin, don Chomhairle cuóta an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus i roinn 2b ICES a shocrú bunaithe ar TAC tagartha throisc an Artaigh Thoir Thuaidh agus cearta iascaireachta stairiúla an Aontais. I gcomhréir leis an tuiscint pholaitiúil idir an tAontas agus an Iorua i ndáil leis na hiascaigh i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES an 29 Aibreán 2022, ba cheart don Iorua cuóta trosc a bhunú le haghaidh soithí de chuid an Aontais a bhíonn ag iascach trosc in uiscí Svalbard ag 2,8274 % den TAC tagartha ina reachtaíocht, a chomhfhreagraíonn freisin do chearta an Aontais faoi Chonradh Pháras 1920. Ós rud é go bhfuil an plé ar chur chun feidhme na tuisceana polaitiúla idir an tAontas agus an Iorua ar siúl faoi láthair, is iomchuí don Aontas cuóta sealadach de chuid an Aontais a bhunú don chéad ráithe de 2023 le haghaidh trosc in uiscí Svalbard agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 1 agus i roinn 2b ICES. Ba cheart leibhéal chuóta sealadach sin an Aontais a shocrú ag 3 907 tona, agus sciar stairiúil an Aontais le haghaidh trosc in uiscí Svalbard á chur san áireamh. Thairis sin, tá sé beartaithe ag an Iorua cuóta sealadach a bhunú ina reachtaíocht don Aontas le haghaidh trosc in uiscí Svalbard ar an leibhéal sin don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2023. Ba cheart na cuótaí sealadacha a leithdháileadh ar na Ballstáit i gcomhréir le Cinneadh 87/277/CEE¹ ón gComhairle faoi réir na hoiriúnuithe is gá de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus de bharr an chóimheasa idir leibhéal chuóta sealadach an Aontais agus sciar an Aontais den stoc.

¹ Cinneadh 87/277/CEE ón gComhairle an 18 Bealtaine 1987 maidir le féidearthachtaí gabhála do throsc i réigiún Spitsbergen agus Oileán na mBéar a leithdháileadh agus i Roinn 3M mar a shainítear i gCoinbhinsiún NAFO (IO L 135, 23.5.1987, lch. 29).

- (63) I gcomhréir leis an Dearbhú ón Aontas chuig Poblacht Bholavarach Veiniséala maidir le deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais a dheonú do shoithí iascaireachta a mbeidh bratach Veiniséala ar foluain acu sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince¹, ní mór na deiseanna iascaireachta le haghaidh sclamhairí a bheidh ar fáil do Veiniséala in uiscí an Aontais a shocrú.
- (64) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun Ballstáit aonair a údarú le cionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavata-lae; chun laethanta breise ar muir a dheonú le haghaidh scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta agus le haghaidh cumhdach feabhsaithe breathnóra eolaíoch; agus chun formáidí scarbhileoige a bhunú chun faisnéis a bhailiú agus a tharchur maidir le haistrithe laethanta ar muir idir soithí iascaireachta a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu. Ba cheart don Choimisiún na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle².

¹ Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar dheonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhratach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 19.9.2015, lch. 55).

² Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

- (65) Ós rud é gur cheart forálacha áirithe a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach, agus chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint sa tréimhse idir deireadh na bliana roimhe sin agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana ina dhiaidh sin, ba cheart forálacha an Rialacháin seo maidir le toirmisc agus séasúir choiscthe a bheith fós infheidhme ag tús 2024, go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024 i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart do na forálacha den sórt sin a mbeidh feidhm acu ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024 leanúint d'fheidhm a bheith acu ag tús 2025, go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2025 i bhfeidhm.
- (66) Chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint agus slí bheatha iascairí an Aontais a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2023, cé is moite de na forálacha a bhaineann le teorainneacha iarrachta iascaireachta, ar cheart feidhm a bheith acu ón 1 Feabhra 2023, agus forálacha áirithe a bhaineann le réigiúin ar leith, ar cheart dáta sonracha cur i bhfeidhm a bheith ag gabháil leo. Ar chúiseanna práinne, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe.

(67) Ag deireadh 2022, ghlac na ERBInna ábhartha bearta idirnáisiúnta áirithe lena gcruthófar nó lena gcuirfear srian le deiseanna iascaireachta le haghaidh an Aontais agus bhí feidhm ag na bearta sin sular tháinig an Rialachán seo i bhfeidhm. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm chúlghabhálach a bheith ag na forálacha lena gcuirtear na bearta sin chun feidhme i ndlí an Aontais. Go háirithe, ós rud é go maireann an séasúr iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain agus go leagtar síos deiseanna nó toirmisc áirithe iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR le haghaidh tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2022, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo ón dáta sin. Ina theannta sin, maireann an séasúr iascaireachta le haghaidh déadiasc (*Dissostichus* spp.) i limistéar Chomhaontú SIOFA ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain, agus ós rud é go mbunaítear na TACanna don ghrúpa speiceas sin ar feadh tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2022, ba cheart feidhm a bheith ag na TACanna ón dáta sin. Ní dhéanann cur i bhfeidhm cúlghabhálach mar sin dochar do phrionsabal an ionchais dhliteanaigh toisc go bhfuil cosc ar shoithí a bhfuil bratach an Pháirtí Chonarthaigh ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR agus i limistéar Chomhaontú SIOFA gan údarú. Thairis sin, i gcomhréir le rialacha ICCAT, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach n-imscairfaidh a gcuid soithí iascaireachta FADanna le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscthe, i.e. ón 17 Nollaig 2022 ar aghaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo, socraítear na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil in uiscí an Aontais agus do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, le n-áirítear é sin a dhéanamh le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige.
2. Áirítear leis na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) na teorainneacha gabhála le haghaidh na bliana 2023 agus, i gcás ina sonraítear amhlaidh sa Rialachán seo, le haghaidh na bliana 2024 freisin;
 - (b) na teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh na bliana 2023, cé is moite de na teorainneacha iarrachta iascaireachta in Iarscríbhinn II, a mbeidh feidhm acu ón 1 Feabhra 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024;
 - (c) deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 30 Samhain 2023 le haghaidh stoic áirithe i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR agus le haghaidh stoic áirithe i limistéar Chomhaontú SIOFA.

Airteagal 2
Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na soithí iascaireachta seo a leanas:
 - (a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais; agus
 - (b) soithí tríú tír in uiscí an Aontais.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) iascaigh áineasa áirithe dá dtagraítear go sainráite sna forálacha ábhartha den Rialachán seo; agus
 - (b) iascaigh thráchtála ón gcladach.

Airteagal 3
Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Sa bhreis air sin, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (a) ciallaíonn ‘soitheach tríú tír’ soitheach iascaireachta a bhfuil bratach tríú tír ar foluain aici, agus atá cláraithe i dtríú tír;
- (b) ciallaíonn ‘iascach áineasa’ gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear acmhainní bitheolaíoch na mara i gcomhthéacs áineasa, turasóireachta nó spóirt;
- (c) ciallaíonn ‘uiscí idirnáisiúnta’ uisce atá lasmuigh de cheannasacht nó de dhlínse aon Stáit;
- (d) ciallaíonn ‘gabháil iomlán incheadaithe’ (TAC):
 - (i) in iascaigh atá faoi réir na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15(4) go (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, an chainníocht éisc a fhéadfar a thabhairt i dtír maidir le gach stoc gach bliain;
 - (ii) i ngach iascach eile, an chainníocht éisc a fhéadfar a ghabháil as gach stoc gach bliain;
- (e) ciallaíonn ‘cuóta’ an cion de TAC a chionroinntear ar an Aontas, ar Bhallstát nó ar thríú tír;

- (f) ciallaíonn ‘measúnú anailíseach’ meastóireacht chainníochtúil ar threochtaí i gcás stoc ar leith, atá bunaithe ar shonraí maidir le bitheolaíocht agus saothrú an stoic sin, a sonraíodh le hathbhreithniú eolaíoch na sonraí sin go raibh siad de cháilíocht leordhóthanach chun comhairle eolaíoch a sholáthar i ndáil le roghanna maidir le gabhálacha amach anseo;
- (g) ciallaíonn ‘mogallmhéid’ mogallmhéid líonta iascaireachta mar a shainítear in Airteagal (6), pointe (34) de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;
- (h) ciallaíonn ‘clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais’ an clár arna bhunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
- (i) ciallaíonn ‘logleabhar iascaireachta’ an logleabhar dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
- (j) ciallaíonn ‘batoi gléasta’ batoi atá marcáilte go soiléir le huimhir thagartha uathúil lenar féidir a úinéir a shainiú agus atá feistithe le córas rianaithe satailíte chun faireachán a dhéanamh ar a shuíomh;
- (k) ciallaíonn ‘batoi oibríochtúil’ aon bhatoi gléasta, a rinneadh a ghníomhachtú, a chasadh air agus a imscaradh roimhe sin ar muir ar shruthfheiste comhthiomsaithe éisc (FAD) nó ar loga le sruth, a tharchuireann suíomhanna agus faisnéis eile a bhíonn ar fáil amhail meastacháin sondálaí fuaimne.

¹ Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

Airteagal 4
Limistéir iascaireachta

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe limistéir seo a leanas:

- (a) is éard is limistéir ICES (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara) ann na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;
- (b) ciallaíonn ‘Skagerrak’ an limistéar geografach a theorannaítear thiar le líne a théann ó theach solais Hanstholm go dtí teach solais Lindesnes agus ó dheas le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne;
- (c) ciallaíonn ‘Kattegat’ an limistéar geografach a theorannaítear ó thuaidh le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne agus ó dheas le líne a théann ó Hasenøre go dtí Gnibens Spids, ó Korshage go dtí Spodsbjerg, agus ó Gilbjerg Hoved go dtí Kullen;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach thoir thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 70).

(d) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 16 d’fholimistéar 7 ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

- 53° 30' T 15° 00' I,
- 53° 30' T 11° 00' I,
- 51° 30' T 11° 00' I,
- 51° 30' T 13° 00' I,
- 51° 00' T 13° 00' I,
- 51° 00' T 15° 00' I;

(e) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 25 de roinn 8c ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

- 43° 00' T 9° 00' I,
- 43° 00' T 10° 00' I,
- 43° 30' T 10° 00' I,
- 43° 30' T 9° 00' I,
- 44° 00' T 9° 00' I,
- 44° 00' T 8° 00' I,
- 43° 30' T 8° 00' I;

- (f) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 26 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:
- 43° 00' T 8° 00' I,
 - 43° 00' T 10° 00' I,
 - 42° 00' T 10° 00' I,
 - 42° 00' T 8° 00' I;
- (g) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 27 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:
- 42° 00' T 8° 00' I,
 - 42° 00' T 10° 00' I,
 - 38° 30' T 10° 00' I,
 - 38° 30' T 9° 00' I,
 - 40° 00' T 9° 00' I,
 - 40° 00' T 8° 00' I;
- (h) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 30 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach faoi dhlínse na Spáinne i Murascaill Cádiz agus sna huiscí máguaird i roinn 9a ICES;

- (i) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 31 de roinn 8c ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:
- 43° 30' T 6° 00' I,
 - 44° 00' T 6° 00' I,
 - 44° 00' T 2° 00' I,
 - 43° 30' T 2° 00' I;
- (j) ciallaíonn ‘Murascaill Cádiz’ an limistéar geografach i roinn 9a ICES lastoir de dhomhanfhad 7° 23' 48" I;
- (k) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún CCAMLR (an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha)’ an limistéar geografach a shainítear in Airteagal 2, pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle¹;
- (l) is iad limistéir CECAF (an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir) na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 lena leagtar síos bearta rialaithe áirithe is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar a thagann faoi réim an Choinbhinsiúin maidir le beo-acmhainní muirí Antartacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 3943/90, (CE) Uimh. 66/98 agus (CE) Uimh. 1721/1999 (IO L 97, 1.4.2004, lch. 16).

² Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 1).

- (m) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún IATTC (an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Nearthú (Coinbhinsiún Antigua)¹;
- (n) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún ICCAT (an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh²;
- (o) ciallaíonn ‘Limistéar Inniúlachta IOTC (an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Chomhaontú maidir le Bunú an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh³;

¹ IO L 224, 16.8.2006, lch. 24. D’fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún chun IATTC a Nearthú trí bhíthin Chinneadh 2006/539/CE ón gComhairle an 22 Bealtaine 2006 maidir le tabhairt i gerích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiún chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Nearthú (IO L 224, 16.8.2006, lch. 22).

² IO L 162, 18.6.1986, lch. 34. D’aontaigh an tAontas do ICCAT trí bhíthin Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33).

³ IO L 236, 5.10.1995, lch. 25. D’aontaigh an tAontas do IOTC trí bhíthin Chinneadh 95/399/CE ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh (IO L 236, 5.10.1995, lch. 24).

- (p) is iad limistéir NAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh) na limistéir geografaacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹;
- (q) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún SEAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas²;
- (r) ciallaíonn ‘Limistéar Chomhaontú SIOFA (Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas)’ an limistéar geografach a shainítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas³;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (IO L 87, 31.3.2009, lch. 42).

² IO L 234, 31.8.2002, lch. 40. D’fhormheas an tAontas Coinbhinsiún SEAFO trí bhíthin Chinneadh 2002/738/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (IO L 234, 31.8.2002, lch. 39).

³ IO L 196, 18.7.2006, lch. 15. D’fhormheas an tAontas SIOFA trí bhíthin Chinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 268, 9.10.2008, lch. 27).

- (s) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh na mórmhara san Aigéan Ciúin Theas¹;
- (t) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún WCPFC (An Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú²;
- (u) ciallaíonn ‘mórmhuir Mhuir Bheiring’ limistéar geografach mhórmhuir Mhuir Bheiring thar 200 muirmhíle ó na bonnlínte óna dtomhaistear leithead fharraige theorann Stáit chósta Mhuir Bheiring;

¹ IO L 67, 6.3.2012, lch. 3. D’fhormheas an tAontas Coinbhinsiún SPRFMO trí bhíthin Chinneadh 2012/130/AE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas (IO L 67, 6.3.2012, lch. 1).

² IO L 32, 4.2.2005, lch. 3. D’aontaigh an tAontas do WCPFC trí bhíthin Chinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1).

- (v) ciallaíonn an ‘limistéar forluí idir limistéir Choinbhinsiún IATTC agus WCPFC’ an limistéar geografach a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:
- domhanfhad 150° I,
 - domhanfhad 130° I,
 - domhanleithead 4° D,
 - domhanleithead 50° D;
- (w) ciallaíonn ‘folimistéir gheografacha CGIM’ na limistéir a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1343/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (an Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle maidir le bearta bainistíochta do shaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir (IO L 347, 30.12.2011, lch. 44).

TEIDEAL II
NA DEISEANNA IASCAIREACHTA
DO SHOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID AN AONTAIS

Caibidil I
Forálacha ginearálta

Airteagal 5

TACanna agus cionrannta

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I na TACanna do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach den Aontas iad, cionroinnt na TACanna sin i measc na mBallstát, agus, i gcás inarb iomchuí, na coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leis sin.
2. Féadfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí laistigh de dhlínse iascach Oileáin Fharó, na Graonlainne agus na hIorua, agus sa limistéar iascaireachta móorthimpeall Jan Mayen faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 19 agus Cuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, agus i Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ agus ina fhorálacha cur chun feidhme.

¹ Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

3. Féadfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí laistigh de dhlínse iascach na Ríochta Aontaithe faoi réir na TACanna in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/2403 agus ina fhorálacha cur chun feidhme.

Airteagal 6

TACanna a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit

1. Cinnfidh an Ballstát lena mbaineann na TACanna i gcás stoic éisc áirithe a shaináithnítear in Iarscríbhinn I.
2. Maidir leis na TACanna a bheidh le cinneadh ag Ballstát dá dtagraítear i mír 1:
 - (a) beidh siad comhsheasmhach le prionsabail agus rialacha CBI, go háirithe prionsabal shaothrú inbhuanaithe an stoic; agus
 - (b) beidh saothrú ar an stoc mar thoradh orthu atá:
 - (i) i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, má bhíonn measúnú anailíseach ar fáil, agus an dóchúlacht is airde is féidir ann gurb amhlaidh a bheidh; nó
 - (ii) comhsheasmhach leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistíocht iascach, mura mbeidh measúnú anailíseach ar fáil nó má bhíonn sé neamhiomlán.

3. Faoin 15 Márta 2023, cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:
 - (a) na TACanna a chinn sé;
 - (b) na sonraí a bailíodh, a ndearnadh measúnú orthu agus a úsáideadh mar bhonn leis na TACanna a chinneadh;
 - (c) mionsonraí maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann na TACanna a cinneadh mír 2.
4. I gcás TAC le haghaidh scabairdí dubha (*Aphanopus carbo*) i limistéar 34.1.2 CECAF, tíolacfaidh an Phortaingéil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 maidir leis an TAC sin le haghaidh 2023 faoin 15 Márta 2023 agus maidir leis an TAC sin le haghaidh 2024 faoin 15 Márta 2024.

Airteagal 7

TACanna sealadacha a chur i bhfeidhm

1. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo i dtábla deiseanna iascaireachta in Iarscríbhinní IA nó IB, beidh feidhm ag na TACanna sa tábla sin go sealadach ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2023. Beidh na TACanna sealadacha sin gan dochar do TACanna cinntitheacha a shocrú do 2023 i gcomhréir le torthaí na caibidlíochta agus/nó na gcomhairliúchán idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch agus leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus leis na pleananna ilbhliantúla ábhartha.

2. Féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais stoic éisc atá faoi réir TACanna sealadacha dá dtagraítear sa chéad mhír a iascach in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta agus in uiscí tríú tíortha a bhfuil rochtain tugtha acu ar a n-uiscí do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais.

Airteagal 8

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

1. Gabhálacha nach mbeidh faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní choinneofar ar bord iad ná ní thabharfar i dtír iad ach amháin:
 - (a) má ghabh soithí iascaireachta iad a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu, a bhfuil cuóta acu agus nach bhfuil an cuóta sin ídithe; nó
 - (b) más cion de chuóta de chuid an Aontais iad nár cionroinneadh i measc na mBallstát agus nár ídíodh.
2. Sainithnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo stoic na speiceas nach spriocspeicis iad laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte dá dtagraítear in Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun críocha an mhaolaithe ar an oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí ábhartha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

Airteagal 9

Sásra um malartuithe cuótaí do TACanna maidir le foghabhálacha dosheachanta

1. Chun an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh, agus chun cuótaí le haghaidh foghabhálacha áirithe a chur ar fáil do na Ballstáit nach bhfuil cuóta acu, beidh feidhm ag an sásra um malartuithe cuótaí mar a leagtar amach i míreanna 2 go 5 maidir leis na TACanna a shaináithnítear in Iarscríbhinn IA.
2. Cuirfear 6 % de gach cuóta ó na TACanna le haghaidh trosc (*Gadus morhua*) sa Mhuir Cheilteach, trosc in Iarthar na hAlban, faoitíní i Muir Éireann agus leathóga ballacha i ranna 7h, 7j agus 7k ICES, agus 3 % de gach cuóta ón TAC le haghaidh fhaoitíní Iarthar na hAlban, a leithdháilfear do gach Ballstát, ar fáil do linn le haghaidh malartuithe cuótaí ('an linn'), a osclófar ón 1 Eanáir 2023 amach. Beidh rochtain eisiach ag na Ballstáit gan chuóta ar an linn cuótaí go dtí an 30 Aibreán 2023.
3. Ní fhéadfar na cainníochtaí arna dtarraingt ón linn a mhalartú nó a aistriú chuig an mbliain dár gcionn. Tar éis an 30 Aibreán 2023, tabharfar aon chainníochtaí nár úsáideadh ar ais, do na Ballstáit sin a rannchuidigh leis an linn i dtosach.
4. Na Ballstáit nach bhfuil cuóta acu, tabharfaidh siad cuótaí ar ais le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn IA, Cuid C, mura gcomhaontóidh an Ballstát nach bhfuil cuóta aige agus an Ballstát atá ag rannchuidiú leis an linn a mhalairt.

5. Beidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí dá dtagraítear i mír 4, arna chinneadh ar bhonn ráta malairte margaidh nó rátaí malairte eile atá inghlactha go frithpháirteach. In éagmais malairt roghanna, déanfar an luach tráchtála coibhéiseach a chinneadh ar bhonn mheánphraghsanna an Aontais ón mbliain roimhe sin, arna soláthar ag Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe.
6. I gcás nach gceadaítear leis an sásra um malartuithe cuótaí a leagtar amach i míreanna 2 go 5 thuas do na Ballstáit a bhfoghhabhálacha dosheachanta a chumhdach go pointe comhchosúil, déanfaidh na Ballstáit iarracht teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus é á áirithiú acu go mbeidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí a mhalartaítear.

Airteagal 10

Teorainneacha ar iarrachtaí iascaireachta i roinn 7e ICES

1. Maidir leis an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2), leagtar amach in Iarscríbhinn II gnéithe teicniúla na gceart agus na n-oibleagáidí le haghaidh bhainistíocht na stoc sóil i roinn 7e ICES.
2. Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát i gcomhréir le pointe 7.4 d'Iarscríbhinn II, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcionroinntear ar an mBallstát sin líon breise laethanta ar muir, de bhreis ar na laethanta dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith údaraithe ag a Ballstát brataí le bheith i roinn 7e ICES agus aon trealamh rialáilte á iompar ar bord aici. Glacfaidh an Coimisiún an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 57(2).

3. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh trína gcionroinnfidh sé ar an mBallstát sin 3 lá ar a mhéad idir an 1 Feabhra 2023 agus an 31 Eanáir 2024, de bhreis ar na laethanta sin dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, ar a bhféadfaidh soitheach iascaireachta a bheith i roinn 7e ICES ar bhonn clár feabhsaithe maidir le cumhdach breathnóra eolaíoch, dá dtagraítear i bpointe 8.1 d'Iarscríbhinn II. Déanfar cionroinnt den sórt sin ar bhonn na tuairisce a chuir an Ballstát sin isteach i gcomhréir le pointe 8.3 d'Iarscríbhinn II agus tar éis dul i gcomhairle le STECF. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 57(2).

Airteagal 11

Bearta maidir le hiascaigh doingeán mara Eorpach i ranna 4b, 4c agus 4a ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES

1. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais, agus ar aon iascach tráchtála ón gcladach, iascaireacht a dhéanamh ar an doingeán mara Eorpach (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 4b agus 4c ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES nó ar dhoingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír.
2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 maidir le foghabhálacha doingeán mara i ngníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh. Baineann an díolúine sin le líon stairiúil na líonta trá a socraíodh ar na leibhéil a bhí ann roimh 2017. Ní bheidh gníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh dírithe ar dhoingin mhara agus ní fhéadfar ach foghabhálacha dosheachanta doingeán mara a thabhairt i dtír.

3. De mhaolú ar mhír 1, in Eanáir 2023, féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin leis an trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír:
- (a) ag úsáid tráil ghrinnill¹, le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 3,8 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus na bliana agus 5 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;
 - (b) ag úsáid saighní², le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 3,8 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta agus na bliana agus 5 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord arna ngabháil ag an soitheach lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;
 - (c) agus úsáid á baint as duáin agus doruithe³, nach mó ná 6,2 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta;
 - (d) agus úsáid á baint as eangacha geolbhaigh seasta⁴, le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 1,6 tona in aghaidh an tsoithigh iascaireachta.

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (c), maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thairfeadh gabhálacha doingeán mara Eorpach agus úsáid á baint as duáin agus doruithe i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

¹ Gach cineál tráil grinnill (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).

² Gach cineál saighne (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).

³ Gach iascach spiléir nó gach iascach cleithe agus dorú nó gach iascach slaite agus dorú (LHP, LHM, LLD, LL, LTL, LX agus LLS).

⁴ Gach eangach gheolbhaigh sheasta agus gach gaiste (GTR, GNS, GNC, FYK, FPN agus FIX).

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (d), maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thairfead gabhálacha doingeán mara Eorpach agus úsáid á baint as eangacha geolbhaigh seasta i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

I gcás ina ndéanfar soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a ionadú, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go mbeidh feidhm ag na maoluithe sin maidir le soitheach iascaireachta eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar líon na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoi réir gach ceann de na maoluithe ná ar a n-acmhainneacht fhoriomlán iascaireachta.

4. Ní bheidh na teorainneacha gabhála a leagtar amach i mír 3 inaistrithe idir soithí iascaireachta.
5. In iascaigh áineasa, lena n-áirítear iascach ón gcladach, i ranna 4b, 4c, 6a agus 7a go dtí 7k ICES:
 - (a) ón 1 Feabhra go dtí an 31 Márta 2023:
 - (i) ní cheadófar ach iascaireacht gabh agus scaoil le slat nó le dorú láimhe ar an doingeán mara Eorpach;
 - (ii) toirmiscfear na doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír;

- (b) in Eanáir agus ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023:
- (i) ní fhéadfar níos mó ná dhá eiseamal den doingeán mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae;
 - (ii) is é 42 cm an t-íosmhéid do dhoingeán mara Eorpach a choinneofar;
 - (iii) ní dhéanfar líonta seasmhacha a úsáid chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.
6. Beidh mír 5 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

Airteagal 12

Bearta maidir le hiascaigh doingeán mara Eorpach i roinn 8a agus 8b ICES

1. I gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/472, áiritheoidh an Fhrainc agus an Spáinn nach rachaidh básmhairacht an stoic doingeán mara Eorpach i ranna 8a agus 8b ICES óna n-iascach tráchtála agus áineasa os cionn luach an F_{MSY} , arna shainiú in Airteagal 2(5) de Rialachán (AE) 2019/472.
2. In iascach áineasa, lena n-áirítear iascach áineasa ón gcladach, i ranna 8a agus 8b ICES:
- (a) féadfaidh uasmhéid dhá eiseamal den doingeán mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae;
 - (b) ní dhéanfar líonta seasmhacha a úsáid chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.

3. Beidh feidhm ag mír 2 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

Airteagal 13

Bearta maidir le hiascaigh eascann Eorpach

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le huiscí an Aontais, lena n-áirítear uiscí goirte, amhail inbhir, murlaigh chósta agus uiscí trasdultacha, agus maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais i bhfolimistéir gheografacha CIGM 1 go 27. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le folimistéar geografach CIGM 29.
2. Cuirfear toirmeasc ar ghabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála le haghaidh na heascainne Eorpaí (*Anguilla anguilla*), mar spriocspeiceas nó mar fhoghabháil, ag gach céim dá saolré ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad. Chuige sin, cinnfidh gach Ballstát lena mbaineann tréimhse choiscthe amháin nó níos mó faoi réir an méid seo a leanas:
 - (a) i gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe a bheith éagsúil laistigh de Bhallstát amháin ó limistéar iascaireachta amháin go limistéar iascaireachta eile chun patrún imirce geografaí agus aimseartha na heascainne a chur san áireamh ag na céimeanna difriúla dá saolré;
 - (b) mairfidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe 6 mhí as a chéile, nó 6 mhí san iomlán i gcomhréir le míreanna 3 nó 4; agus
 - (c) de mhaolú ar phointe (b), má chinneann an Ballstát lena mbaineann go dtosóidh an tréimhse choiscthe i bhfolimistéir gheografacha 1 go 27 CGIM an 1 Márta 2023 nó ina dhiaidh sin, mairfidh an tréimhse 6 mhí as a chéile;

- (d) Beidh an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe comhsheasmhach leis na cuspóirí caomhnaithe a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007, leis na pleananna náisiúnta bainistíochta atá i bhfeidhm agus le patrúin imirce aimseartha na heascainne Eorpaí ag an gcéim saoil faoi seach sa Bhallstát lena mbaineann.
3. I bhfolimistéir gheografacha 1 go 27 CGIM, beidh an tréimhse choiscthe idir an 1 Eanáir agus an 31 Márta 2023, agus tréimhse choiscthe bhreise de 3 mhí le bunú ag gach Ballstát lena mbaineann idir an 1 Aibreán agus an 30 Samhain 2023.
4. I bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES, is iad seo a leanas na tréimhsí choiscthe:
- (a) maidir leis an eascann Eorpach arb é 12 cm nó níos mó a fad foriomlán:
- (i) i bhfolimistéir 3 ICES, ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig 2023, agus tréimhse choiscthe bhreise 3 mhí atá le cinneadh ag gach Ballstát sa tréimhse idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa 2023;
- (ii) i bhfolimistéir 4, 6 agus 7, ICES, ón 1 Meán Fómhair go dtí an 30 Samhain 2023, agus tréimhse choiscthe bhreise 3 mhí atá le cinneadh ag gach Ballstát sa tréimhse idir an 1 Márta agus an 31 Iúil 2023 agus Nollaig 2023;
- (iii) i bhfolimistéir 8 agus 9 ICES, ón 1 Samhain 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024, agus tréimhse choiscthe bhreise 3 mhí atá le cinneadh ag gach Ballstát lena mbaineann sa tréimhse idir an 1 Márta agus an 30 Meán Fómhair 2023;

- (b) maidir leis an eascann Eorpach ar lú ná 12 cm a fad foriomlán:
- (i) ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2024 agus tréimhse choiscthe bhreise 3 mhí a bheidh le cinneadh ag gach Ballstát lena mbaineann sa tréimhse idir an 1 Márta agus an 31 Nollaig 2023;
 - (ii) de mhaolú ar phointe (i), féadfaidh gach Ballstát lena mbaineann iascaireacht ar feadh míosa a cheadú le linn na tréimhse coiscthe a chinn sé faoin bpointe sin. Sa chás sin, cinnfidh an Ballstát lena mbaineann tréimhse choiscthe bhreise aon mhí amháin;
 - (iii) de mhaolú breise ar phointe (i), féadfaidh gach Ballstát lena mbaineann iascaireacht eisiach a cheadú le haghaidh athstocála ar feadh tréimhse breise míosa le linn na tréimhse coiscthe a chinn sé faoin bpointe sin. Sa chás sin, cinnfidh an Ballstát lena mbaineann tréimhse choiscthe bhreise aon mhí amháin;
 - (iv) ní bheidh cás mar thoradh ar chur i bhfeidhm phointí (i) go (iii) ina gceadóidh an Ballstát lena mbaineann le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2023. iascaireacht níos mó ná mí amháin móide aon mhí amháin breise le haghaidh athstocála go heisiach.

5. Déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann an Coimisiún a chur ar an eolas:
- (a) maidir leis an tréimhse choiscthe nó na tréimhsí choiscthe a chinn sé i gcomhréir le míreanna 2 go 4:
 - (i) faoin 1 Márta 2023 maidir le folimistéir gheografacha 1 go 27 CGIM;
 - (ii) faoin 1 Márta 2023 le haghaidh folimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES;
 - (b) laistigh de 2 sheachtain tar éis a nglactha maidir leis na bearta náisiúnta a bhaineann leis an tréimhse choiscthe nó le tréimhsí a chinn sé i gcomhréir le míreanna 2 go 4.
6. Toirmiscfear iascaigh áineasa na heascainne Eorpaí ag gach céim dá saolré.

Airteagal 14

Forálacha speisialta maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta

1. Beidh leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta i measc na mBallstát a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na nithe seo a leanas:
- (a) malartuithe de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
 - (b) asbhaintí agus ath-chionrannta de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
 - (c) ath-chionrannta de bhun Airteagail 12 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403;

- (d) gabhálacha breise a thabharfar i dtír arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
 - (e) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;
 - (f) asbhaintí de bhun Airteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;
 - (g) aistrithe agus malartuithe cuótaí de bhun Airteagail 20 agus 52 den Rialachán seo.
2. Déantar na stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim nó anailíseacha chun na TACanna agus na cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96 a shainaithint in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.
 3. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TAC réamhchúraim, agus beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus ag Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.
 4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 15

Séasúir coiscthe iascaireachta le haghaidh corra gainimh

Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar spéirlintí (*Ammodytes spp.*) le trál grinnill, saighní nó trealaimh tharraingthe chomhchosúla ag a bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2023 agus ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2023.

Airteagal 16

Bearta ceartaitheacha don trosc sa Mhuir Thuaidh

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV na limistéir atá coiscthe don iascaireacht seachas le trealamh peiligeach (peas-saighne agus tráil) agus na tréimhsí a mbeidh feidhm ag na tréimhsí coiscthe lena linn.
2. Soithí a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill agus saighní le mogallmhéid íosta 70 mm i ranna 4a agus 4b ICES nó ar a laghad 90 mm i roinn 3a ICES, agus spiléir¹, cuirfear toirmeasc orthu iascaireacht a dhéanamh in uiscí de chuid an Aontais i roinn 4a ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 58° 30' 00" T agus laistear de dhomhanleithead 61° 30' 00" T, agus in uiscí de chuid an Aontais i ranna 3a.20 (Skagerrak), 4a agus 4b ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 57° 00' 00" T agus lastoir de dhomhanfhad 5° 00' 00" O.

¹ Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB, SDN, SSC, SX, LL, LLS.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh soithí iascaireachta dá dtagraítear sa mhír sin iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dá dtagraítear sa mhír sin ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:
- (a) ní mó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána in aghaidh an turais iascaireachta; soithí iascaireachta nár mhó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána sa tréimhse 2017–2019, glactar leis go gcomhlíonann siad an critéar sin ar choinníoll go leanann siad de bheith ag úsáid an trealaimh chéanna a bhí á úsáid acu le linn na tréimhse sin; féadfar an toimhde sin a fhrisnéis;
 - (b) úsáidtear trál grinnill nó saighean atá rialáilte agus ardroghnaitheach, agus dá bharr sin, de réir staidéar eolaíoch, bíonn laghdú 30 % ar a laghad ar ghabhálacha trosc i gcomparáid le soithí a dhéanann iascaireacht leis an mogallmhéid íosta do threalaimh tharraingthe, mar a shonraítear i gCuid B, pointe 1.1, d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241; féadfaidh STECF meastóireacht a dhéanamh ar na staidéir sin; agus i gcás ina ndéanfaidh STECF meastóireacht dhiúltach, ní mheasfar na trealaimh sin a bheith bailí a thuilleadh lena n-úsáid sna limistéir dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo;
 - (c) i gcás soithí a bhíonn ag iascach le grinnill nó saighní a bhfuil a mogallmhéid cothrom le 100 mm nó níos mó ná sin (TR1), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:
 - (i) tráil bhoilg le mogallmhéid íosta 600 mm sa bholg;
 - (ii) líne iascaireachta ardaithe (0,6 m);
 - (iii) painéal deighilte cothrománach ina bhfuil painéal éalaithe mogail mhóir;

- (d) i gcás soithí a bhíonn ag iascach le tráil ghrinnill nó saighní le mogallmhéid atá cothrom le 70 mm nó níos mó ná sin i roinn 4a ICES agus atá cothrom le 90 mm nó níos mó ná sin i roinn 3a ICES ach nach lú ná 100 mm (TR2), úsáidtear na trealaimh ardghnaitheacha seo a leanas:
- (i) greille shórtála chothrománach nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na héisc leathógacha leis na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;
 - (ii) painéal Seltra a bhfuil mogallmhéid cearnógach 300 mm ann;
 - (iii) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;
- (e) tá soithí iascaireachta faoi réir plean náisiúnta seachanta trosc chun gabhálacha trosc a choinneáil i gcomhréir leis an mbásmhaireacht san iascaireacht a chomhfhreagraíonn do na deiseanna iascaireachta arna socrú, bunaithe ar leibhéal na comhairle eolaíche, trí bhearta spásúla nó teicniúla, nó meascán den díobh sin; déanfar pleananna den sórt sin a mheasúnú tráth nach déanaí ná 2 mhí i ndiaidh a gcur chun feidhme, ag STECF i gcás na mBallstát agus ag an gcomhlacht eolaíoch náisiúnta ábhartha i gcás tríú tíortha, agus, i gcás ina meastar gur gá, ba cheart na pleananna sin a athbhreithniú a thuilleadh má fhaightear amach de réir na measúnuithe sin nach gcomhlíonfar cuspóir an phlean náisiúnta seachanta trosc.
4. Feabhsóidh na Ballstáit faireachán, rialú agus faireachas na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2 chun a áirithiú go ndéanfar na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 a chomhlíonadh.

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíoch a iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

Airteagal 17

Bearta ceartaitheacha don trosc in Kattegat

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht in Kattegat le tráil ghrinnill¹ ag a bhfuil mogallmhéid íosta 70 mm, úsáidfidh siad ceann amháin de na trealamh roghnaíoch a leanas:
- (a) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;
 - (b) greille shórtála nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na héisc leathógacha leis na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach éisc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;
 - (c) painéal Seltra a bhfuil mogallmhéid cearnógach 300 mm ann;
 - (d) trealamh rialáilte ardghnaitheach, a mbeidh de thoradh ar a shaintréithe teicniúla, de réir staidéar eolaíoch a rinne STECF, gur troisc atá i níos lú ná 1,5 % de na gabhálacha, ar choinníoll gurb é an t-aon trealamh é a iompraíonn an soitheach iascaireachta ar bord.
2. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá rannpháirteach i dtionscadal a reáchtálann Ballstát agus a mbeidh trealamh acu a fheidhmeoidh le haghaidh iascach lándoiciméadaithe, féadfaidh siad trealamh a úsáid i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241. Cuirfidh na Ballstát lena mbaineann liosta de shoithí den sórt sin in iúl don Choimisiún.

¹ Cóid trealamh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

Airteagal 18

Speicis atá faoi thoirmeasc

1. Maidir leis na speicis seo a leanas, ní dhéanfaidh soithí de chuid an Aontais iascaireacht orthu, iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír:
- (a) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 agus roinn 7d ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí an Aontais i roinn 3a;
 - (b) an t-alfainsín taibhseach (*Beryx splendens*) i bhfolimistéar 6 NAFO;
 - (c) an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;
 - (d) an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;

- (e) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;
- (f) an fíogach éansocach (*Deania calcea*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;
- (g) an sciata coiteann (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéir 4 agus 6 go 8 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus folimistéar 5; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 9 agus 10;
- (h) an lóchranssiorc mór (*Etmopterus princeps*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;
- (i) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 5; uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 6 go 8; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 12 agus 14;
- (j) an craosaire (*Lamna nasus*) sna huiscí uile;

- (k) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;
- (l) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 6 ICES; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 10 ICES;
- (m) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) sna huiscí uile;
- (n) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) sa Mheánmhuir;
- (o) an gainneachán flannbhuí (*Hoplostethus atlanticus*) in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 go 10, 12 agus 14 ICES;
- (p) siorcanna domhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid D, in uiscí na Ríochta Aontaithe, uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 6 go 9 ICES; uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta in 5; uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 10 ICES; Uiscí an Aontais i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF; agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéar 12 ICES.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

Airteagal 19

Tarchur sonraí

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le gabhálacha a thabhairt i dtír agus a bhaineann le hiarracht iascaireachta, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Caibidil II

Údaruithe iascaireachta in uiscí tríú tíortha

Airteagal 20

Údaruithe iascaireachta

1. I gcás inarb infheidhme, leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht in uiscí tríú tír.
2. I gcás ina n-aistroidh Ballstát amháin cuóta chuig Ballstát eile sna limistéir iascaireachta a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, áireofar leis an aistriú sin aistriú iomchuí údaruithe iascaireachta agus tabharfar fógra don Choimisiún faoi. Ní rachfar thar an líon iomlán údaruithe le haghaidh gach limistéir iascaireachta, mar a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

Caibidil III
Deiseanna iascaireachta in uiscí
eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh

ROINN 1
FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 21

Aistrithe agus malartuithe cuótaí

1. I gcás ina gceadófar le rialacha eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh (ERBI) aistrithe cuótaí nó malartuithe idir na Páirtithe Conarthacha chuig an ERBI sin, féadfaidh Ballstát ('an Ballstát lena mbaineann') plé a dhéanamh le Páirtí Conarthach san ERBI sin agus leagan amach féideartha a bhunú i dtaca le haistriú nó malartú cuótaí atá beartaithe, de réir mar is iomchuí. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach.

2. A luaithe a thabharfaidh fógra don Choimisiún i gcomhréir le mír 1, féadfaidh an Coimisiún leagan amach an aistrithe nó an mhalartaithe cuótaí atá beartaithe a fhormhuiniú. Má fhormhuiníonn an Coimisiún an achoimre, cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí sin. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht an ERBI maidir leis an aistriú nó malartú cuótaí i gcomhréir le rialacha an ERBI sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí arna chomhaontú.
4. Na deiseanna iascaireachta a gheofar ón bpáirtí conarthach ábhartha san ERBI nó a aistreofar chuige faoin aistriú nó malartú cuótaí, measfar gur cuótaí iad a chuirfear le cionroinnt an Bhallstáit lena mbaineann nó a asbhainfear as an gcionroinnt sin, ón uair a bheidh feidhm leis an aistriú nó an malartú cuótaí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe leis an bPáirtí Conarthach ábhartha san ERBI nó i gcomhréir le rialacha ábhartha an ERBI, de réir mar is iomchuí. Leis na haistrithe agus na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don eochair leithdháilte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

ROINN 2
LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NEAFC

Airteagal 22

Péirsí mara i Muir Irminger

1. Beidh toirmeasc ar gach gníomhaíocht iascaireachta sa limistéar a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas arna dtomhas de réir chóras WGS84:

Domhanleithead	Domhanfhad
63° 00'	- 30° 00'
61° 30'	- 27° 35'
60° 45'	- 28° 45'
62° 00'	- 31° 35'
63° 00'	- 30° 00'

2. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireacht a dhéanamh, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír i gcalafoirt an Aontais agus i soithí iascaireachta de chuid an Aontais i gcalafoirt tríú tír freisin i bpéirsí mara peiligeach éadomhain agus peiligeach domhain (*Sebastes mentella*) ó Mhuir Irminger agus sna huiscí máguaird (folimistéir 5, 12 agus 14 ICES, agus folimistéir 1 agus 2 NAFO).
3. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais páirt a ghlacadh in oibríochtaí trasloingsithe lena mbaineann na stoic dá dtagraítear i mír 2.

ROINN 3
LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN ICCAT

Airteagal 23

Teorainneacha maidir le hacmhainneacht iascaireachta, feirmeoireachta agus ramhraithe

1. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VI leis an líon bád baoite agus bád trádála de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht ghníomhach a dhéanamh ar thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm san Atlantach Thoir.
2. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta mionscála de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht ghníomhach a dhéanamh ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm sa Mheánmhuir.
3. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 3 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar thuinníní gorma i Muir Aidriad chun críoch feirmeoireachta agus a údarófar chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go ghníomhach.
4. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun tuinníní gorma a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.
5. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 5 d'Iarscríbhinn VI leis an líon gaistí a úsáidfear in iascach tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

6. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VI leis an acmhainneacht iomlán feirmeoireachta agus ramhraithe tuinníní gorma agus leis an uas-ionchur tuinníní gorma fíáine a chionroinnfear ar na feirmeacha san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.
7. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 7 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní colgacha an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) mar spriocspeiceas i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 520/2007¹ ón gComhairle.
8. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 8 d'Iarscríbhinn VI leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 20 m ar a laghad ar a bhfad agus a bheidh ag déanamh iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) i limistéar Choinbhinsiún ICCAT.

Airteagal 24

Iascaigh áineasa

I gcás inarb iomchuí, cionroinnfidh na Ballstáit sciar sonracha óna gcuótaí cionroinnte ar an iascach áineasa, de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn ID.

Airteagal 25

Siorcanna

1. Cuirfear toirmeasc ar aon pháirt de chonabhlach nó conabhlach iomlán siorcanna súisteála mórshúileacha (*Alopias superciliosus*) a ghabhfar in aon iascach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2007 lena leagtar síos bearta teicniúla chun stoic áirithe de speicis mhór-imirceacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 973/2001 (IO L 123, 12.5.2007, lch. 3).

2. Cuirfear toirmeasc ar thabhairt faoi iascach spriocdhírthe ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*.
3. Cuirfear toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna ceann casúir den phór *Sphyrnidae* (ach amháin *Sphyrna tiburo*) a ghabhfar san iascach i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.
4. Cuirfear toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a ghabhfar in aon iascach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.
5. Cuirfear toirmeasc ar shíodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*) a ghabhfar in iascach ar bith a choinneáil ar bord.
6. Cuirfear toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán macónna biorshrónacha (*Isurus oxyrinchus*) a ghabhfar san iascach i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

Airteagal 26

FADanna le haghaidh Tuinníní Trópaiceacha

1. Toirmeasc ar FADanna a úsáid i limistéar Choinbhinsiún ICCAT ón 1 Eanáir go dtí an 13 Márta 2023.
2. Le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse dá dtagraítear i mír 1, ón 17 Nollaig 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022, áiritheoidh na Ballstáit nach n-imscarfaidh a gcuid soithí iascaireachta FADanna. Ní bheidh níos mó ná 300 FAD le baoithe oibríochtúla á n-imscaradh ag aon am amháin ag gach soitheach iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún IATTC.
3. Déanfaidh na Ballstáit sonraí stairiúla maidir le trealamh iascaireachta atá leagtha síos timpeall FADanna ag a gcuid soithí peas-saighne a thuirisciú don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2023. I gcás nach ndéanfaidh na Ballstáit na sonraí sin a thuirisciú faoin dáta sin, ní dhéanfaidh soithí iascaireachta a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain acu trealamh iascaireachta a leagan síos timpeall FADanna go dtí go bhfaighidh an Coimisiún na sonraí sin ó na Ballstáit chun tuairisciú breise a dhéanamh do ICCAT.

ROINN 4

LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN CCAMLR

Airteagal 27

Fógraí maidir le hiascach taiscéalaíoch le haghaidh déadéisc

Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach in iascach spiléireachta taiscéalaíoch ar dhéadéisc (*Dissostichus spp.*) i bhfolimistéir 88.1 agus 88.2 FAO agus i ranna 58.4.1, 58.4.2 agus 58.4.3a FAO lasmuigh de limistéir faoi dhlínse náisiúnta in 2023. Na Ballstáit a bhfuil rún acu déanamh amhlaidh, tabharfaidh siad fógra do Rúnaíocht CCAMLR i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 7a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2023.

Airteagal 28

Teorainneacha ar iascach taiscéalaíoch ar dhéadéisc

1. Beidh iascaireacht ar dhéadéisc le linn thréimhse iascaireachta 2022-2023 teoranta do na Ballstáit, do na folimistéir agus don líon soithí iascaireachta a leagtar amach i dTábla A in Iarscríbhinn VII, do na TACanna agus do na teorainneacha foghabhála a leagtar amach i dTábla B san Iarscríbhinn sin.
2. Toirmiscfear iascaireacht dhíreach ar speicis siorcanna chun críoch eile seachas taighde eolaíoch. Scaoilfear saor ina mbeatha aon fhoghabháil siorcanna, go háirithe siorcanna óga agus baineannaigh thorracha, a ghabhfar de thaisme san iascach déadéisc.

3. I gcás inarb infheidhme, scoirfear den iascaireacht in aon aonad taighde ar mionscála (ATMS) nuair a shroichfidh an ghabháil arna tuairisciú an TAC sonraithe, agus beidh cosc ar iascaireacht san ATMS don chuid eile den séasúr iascaireachta.
4. Déanfar an iascaireacht ar fud an raoin gheografaigh agus bhataiméadraigh is mó is féidir chun an fhaisnéis is gá a fháil chun an acmhainneacht iascaigh a chinneadh agus chun ró-chomhchruinniú gabhálacha agus iarrachta iascaireachta a sheachaint. Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh, áfach, in áiteanna i bhfolimistéir 48.6 agus 88.1 FAO, agus i roinn 58.4.3a FAO, i gcás ina gceadófar sin faoi Airteagal 26 i ndoimhneachtaí is lú ná 550 m.

Airteagal 29

Iascach crille le linn shéasúr iascaireachta 2022-2023

1. Na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna (*Euphausia superba*) i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR le linn shéasúr iascaireachta 2022-2023, tabharfaidh siad fógra maidir leis sin don Choimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2023, agus úsáid á baint acu as an bhformáid a leagtar síos i gCuid B den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn VII. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún na fógraí faoi bhráid Rúnaíocht CCAMLR tráth nach déanaí ná an 30 Bealtaine 2023.
2. Áireofar leis an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 lena n-údarófar gach soitheach chun bheith rannpháirteach san iascach crilleanna.

3. Maidir le Ballstát a bhfuil rún aige iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR, ní thabharfaidh sé fógra faoin rún sin ach i leith soithí iascaireachta údaraithe tráth an fhógra:
- (a) a mbeidh a bhratach ar foluain acu; nó
 - (b) a mbeidh bratach comhalta eile de CCAMLR ar foluain acu agus a mbeifí ag súil, tráth a tharlóidh an t-iascach, go mbeadh bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu.
4. I gcás ina gcoiscfear ar shoitheach iascaireacht údaraithe, a tugadh fógra fúithi do Rúnaíocht CCAMLR i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, a bheith rannpháirteach in iascach crilleanna de bharr cúiseanna dlisteanacha oibríochtúla nó de bharr *force majeure*, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann soitheach iascaireacht ionadaíoch eile a údarú le bheith rannpháirteach san iascach sin. I gcás den sórt sin, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann Rúnaíocht CCAMLR agus an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach agus soláthróidh siad an méid seo a leanas:
- (a) sonraí iomlána an tsoithigh (na soithí) iascaireachta ionaid atá beartaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004; agus
 - (b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna lena dtugtar bonn cirt don ionadú agus aon fhianaise thacaíochta nó tagairt ábhartha.
5. Ní údaróidh Ballstáit do shoitheach iascaireachta atá ar liosta CCAMLR de shoithí neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a bheith rannpháirteach in iascach crilleanna.

ROINN 5
LIMISTÉAR INNIÚLACHTA IOTC

Airteagal 30

Acmhainneacht iascaireachta soithí

a dhéanann iascaireacht i Limistéar Inniúlachta IOTC a theorannú

1. Is mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní trópaiceacha i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.
2. Is mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar cholgáin (*Xiphias gladius*) agus ar thuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*) i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.
3. Féadfaidh na Ballstáit soithí iascaireachta a sannadh do cheann amháin de na hiascaigh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a ath-chionroinnt ar an iascach eile, ar choinníoll gur féidir leo a léiriú don Choimisiún nach dtiocfaidh méadú as an sannadh sin ar an iarracht iascaireachta i ndáil leis na stoic éisc atá i gceist.

4. Áiritheoidh an Ballstát sin, i gcás ina mbeartófar acmhainneacht a aistriú chuig cabhlach an Bhallstáit, go mbeidh na soithí iascaireachta atá le haistriú ar chlár soithí údaraithe IOTC nó ar chlár soithí ERBIInna eile a bhainistíonn iascaigh tuinníní. Ní fhéadfar soithí iascaireachta a aistriú a bheidh ar liosta aon ERBI de shoithí a bhí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN.
5. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a n-acmhainneacht iascaireachta a mhéadú os cionn na n-uasteorainneacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ach laistigh de na huasteorainneacha a leagtar amach sna pleananna forbartha a cuireadh faoi bhráid IOTC.

Airteagal 31

Sruth-FADanna agus soithí soláthair

1. Beidh FADanna feistithe le baoithe gléasta. Beidh cosc ar aon bhaoi eile, amhail baoithe raidió, a úsáid.
2. Ní leanfaidh soitheach peas-saighne níos mó ná 300 baoi oibríochtúil ag aon tráth amháin.
3. Gheofar 500 baoi gléasta ar a mhéad ar bhonn bliantúil le haghaidh gach soithigh peas-saighne. Ní bheidh níos mó ná 500 baoi gléasta ag aon soitheach peas-saighne (idir bhaoithe atá sa stoc agus bhaoithe oibríochtúla) tráth ar bith.

4. Ní bheidh níos mó ná trí shoitheach soláthair mar thaca le líon nach lú ná deich soitheach peas-saighne, agus bratach Bhallstáit ar foluain acu uile. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir leis na Ballstáit nach mbainfidh úsáid ach as an aon soitheach soláthair amháin.
5. Ní bheidh níos mó ná aon soitheach soláthair amháin, ar a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain, mar thaca ag soitheach peas-saighne tráth ar bith.
6. Ní chláróidh an tAontas soithí soláthair nua nó breise i gclár soithí údaráithe IOTC.

Airteagal 32

Siorcanna

1. Cuirfear toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna súisteála de gach speiceas den phór *Alopiidae* a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír in aon iascach.
2. Cuirfear toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír in aon iascach, ach amháin i gcás soithí atá níos lú ná 24 m ar a bhfad iomlán agus nach mbeidh ach ag gabháil d'iascaireacht i limistéar eacnamaíoch eisiach an Bhallstáit sin a mbeidh a bhratach ar foluain acu, ar choinníoll gur caitheamh áitiúil amháin a bheidh beartaithe dá ngabháil.
3. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

Airteagal 33

Roic den chineál Mobulidae

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais iascaireacht ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán roc de chineál mobulidae (den phór *Mobulidae*, lena n-áirítear na géinis *Manta* agus *Mobula*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol, nó a dhíol, seachas i gcás inarb iad teaghlaigh na n-iascairí a chaithfidh na héisc go díreach ('iascach leorchothaitheach').

Is féidir, áfach, roic de chineál mobulidae a ghabhfar go neamhintinneach trí iascaireacht ar mionscála (iascach nach iascach dromchla é, i.e. iascach le peas-saighne, cuaille agus líne, eangach gheolbhaigh, líne láimhe agus soithí trálála, nó iascach spiléireachta ag soithí arna gclárú i gclár shoithí údaraithe IOTC) a thabhairt i dtír lena gcaitheamh go háitiúil.

2. Déanfaidh gach soitheach iascaireachta, seachas iad siúd a bhíonn ag gabháil le hiascaireacht leorchothaitheach, roc de chineál mobulidae, a scaoileadh go pras, ina mbeatha, agus gan ghortú, a mhéid is féidir, a luaithe a fheicfear sa líon, ar an duán, nó ar an deic iad; ar bhealach a ndéanfar a laghad díobháil is féidir do na speicis sin.

ROINN 6
LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SPRFMO

Airteagal 34
Iascaigh pheiligeacha

1. Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit sin a d'fheidhmigh gníomhaíochtaí iascach peiligeach go gníomhach i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in 2007, 2008 nó 2009 iascaireacht a dhéanamh ar stoic pheiligeacha sa limistéar sin i gcomhréir leis na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IH.
2. Déanfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 olltonnáiste foriomlán na soithí iascaireachta a mbeidh a mbratach ar foluain acu agus a dhéanfaidh iascaireacht ar stoic pheiligeacha in 2023 a theorannú go dtí leibhéal iomlán olltonnáiste an Aontais sa limistéar sin, is é sin 78 600 tona.
3. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a bheidh dá dtagraítear i mír 1 na deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IH a úsáid ach ar choinníoll go seolfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas chuig an gCoimisiún ar a dhéanaí faoin 15ú lá den mhí ina dhiaidh sin, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur in iúl do Rúnaíocht SPRFMO:
 - (a) liosta de na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach nó a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;
 - (b) tuarascálacha míosúla maidir le gabhálacha.

ROINN 7
LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN IATTC

Airteagal 35
Iascaigh pheas-saighne

1. Ní dhéanfaidh soithí peas-saighne iascaireacht ar thuinníní buí (*Thunnus albacares*), tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) ná tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*):
 - (a) ó 00.00 uair an chloig an 29 Iúil 2023 go dtí 24.00 uair an chloig an 8 Deireadh Fómhair 2023 nó ó 00.00 uair an chloig an 9 Samhain 2023 go dtí 24.00 uair an chloig an 19 Eanáir 2024 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:
 - imeallbhoird an Aigéin Chiúin de Chríocha Mheiriceá,
 - domhanfhad 150° I,
 - domhanleithead 40° T,
 - domhanleithead 40° D;

(b) ó 00.00 uair an chloig an 9 Deireadh Fómhair 2023 go dtí 24.00 uair an chloig an 8 Samhain 2023 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

- domhanfhad 96° I,
- domhanfhad 110° I,
- domhanleithead 4° T,
- domhanleithead 3° D.

2. Tabharfaidh an Ballstát brataí sin fógra don Choimisiún roimh an 1 Aibreán 2023 maidir le cé acu tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a roghnaigh an soitheach iascaireachta i dtaca le gach ceann de na soithí iascaireachta dá dtagraítear i mír 1 agus a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain orthu.
3. Soithí peas-saighne a bheidh ag déanamh iascaireachta ar thuinníní i limistéar Choinbhinsiún IATTC, coinneoidh siad ar bord gach tuinnín buí, gach tuinnín mórshúileach agus gach tuinnín aigéanach a ghabhfaidh siad agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh siad iad a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.
4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir leis an méid seo a leanas:
 - (a) i gcás ina measfar go bhfuil an t-iasc mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine ar chúiseanna eile seachas méid;
 - (b) le linn an tacair deiridh de thuras, i gcás nach mbeidh dóthain spáis sa pholl taosctha do na tuinníní uile a gabhadh sa tacar sin.

Airteagal 36
Sruth-FADanna

1. Ní bheidh níos mó ná 400 FAD gníomhach in úsáid ag aon am amháin ag soitheach peas-saighne i limistéar Choinbhinsiún IATTC. Measfar FAD a bheith gníomhach nuair a dhéanfar é a imscaradh ar muir, nuair a thosóidh sé ag tarchur a shuímh, agus nuair a bheidh sé á rianú ag an soitheach, ag a úinéir nó ag a oibreoir. Ní dhéanfar FAD a ghníomhachtú ach amháin ar bhord soithigh peas-saighne.
2. Le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscthe a roghnaíodh i gcomhréir le hAirteagal 34(1), pointe (a), den Rialachán seo déanfaidh soitheach peas-saighne an méid seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún IATTC:
 - (a) staonadh ó FADanna a imscaradh;
 - (b) an líon céanna FAD a aisghabháil agus a rinne sé a imscaradh sa chéad dul síos.

Airteagal 37
Teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha in iascaigh spiléireachta

Leagtar amach in Iarscríbhinn IL na gabhálacha bliantúla iomlána le haghaidh tuinníní mórshúileacha ag soithí spiléireachta gach Ballstáit i limistéar Choinbhinsiún IATTC.

Airteagal 38

Toirmeasc ar shiorcanna bána aigéanacha a iascach

1. Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar shiorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) i limistéar Choinbhinsiún IATTC, agus aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol nó a dhíol.
2. Nuair a ghabfar de thaisme eiseamail de na siorcanna bána aigéanacha, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfidh na hoibreoirí soithigh iascaireachta go pras iad.
3. Déanfaidh oibreoirí na soitheach iascaireachta an líon scaoilte a thaifeadadh lena dtabharfaidh siad léiriú ar stádas (marbh nó beo) agus déanfaidh siad an fhaisnéis sin a thuairisciú don Bhallstát ar náisiúnaigh de iad.

Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis sin a bailíodh le linn 2022 a tharchur chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir 2023.

Airteagal 39

Toirmeasc ar roic de chineál Mobulidae a iascach

Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i limistéar Choinbhinsiún IATTC iascaireacht ar roic de chineál mobulidae (den phór *Mobulidae*, lena n-áirítear na géinis *Manta* agus *Mobula*), agus ní dhéanfaidh siad aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán roc de chineál mobulidae a ghabhtar sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol, nó a dhíol. A luaithe a thabharfaidh siad faoi deara gur gabhadh roic de chineál mobulidae, scaoilfidh siad go pras iad, agus iad beo agus gan ghortú i gcás inar féidir.

ROINN 8
LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SEAFO

Airteagal 40

Toirmeasc ar shiorcanna domhainfharraige a iascach

Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar na siorcanna domhainfharraige seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún SEAFO:

- (a) an catsúileach taibhsiúil (*Apristurus manis*);
- (b) an lóchrannsiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*);
- (c) an lóchrannsiorc earrghearr (*Etmopterus brachyurus*);
- (d) an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*);
- (e) an lóchrannsiorc mín (*Etmopterus pusillus*);
- (f) sciataí (*Rajidae*);
- (g) an fíogach slim (*Scymnodon squamulosus*);
- (h) siorcanna domhainfharraige den sárord *Selachimorpha*;
- (i) an fíogach gobach (*Squalus acanthias*).

ROINN 9
LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN WCPFC

Airteagal 41

Coinníollacha maidir le hiascaigh tuinníní mórshúileacha, tuinníní buí, tuinníní aigéanacha agus thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin Theas

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mó ná 403 an líon laethanta iascaireachta a chionroinnfear ar shoithí peas-saighne a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*), tuinníní buí (*Thunnus albacares*) agus tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) sa chuid sin de limistéar Choinbhinsiún WCPFC atá ar an mórmhuir idir 20° T agus 20° D.
2. Ní dhíreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin Theas (*Thunnus alalunga*) i limistéar Choinbhinsiún WCPFC laistear de 20° D.
3. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh gabhálacha tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) ag soithí spiléireachta in 2023 na teorainneacha a leagtar amach sa tábla in Iarscríbhinn IG.

Airteagal 42

Bainistíocht na hiascaireachta le FADanna

1. Sa chuid sin de limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20° D, ní dhéanfaidh soithí peas-saighne FADanna a imscaradh, a sheirbhísiú nó eangacha a chur orthu idir 00:00 uair an chloig an 1 Iúil 2023 agus 24.00 uair an chloig an 30 Meán Fómhair 2023.

2. I dteannta an toirmisc i mír 1, cuirfear toirmeasc ar eangacha a chur ar FADanna ar mórmhuir i limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20° D ar feadh 2 mhí eile, ó 00.00 uair an chloig an 1 Aibreán 2023 go 24.00 uair an chloig an 31 Bealtaine 2023, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Samhain 2023 go 24:00 uair an chloig an 31 Nollaig 2023.
3. Cinnfidh gach Ballstát lena mbaineann cé acu de na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 2 a mbeidh feidhm acu maidir le soithí peas-saighne a bhfuil a bhratach ar foluain acu. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin 15 Feabhra 2023 maidir leis an tréimhse choiscthe a roghnaíodh. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht WCPFC maidir leis na tréimhsí coiscthe a roghnaigh na Ballstáit roimh an 1 Márta 2023.
4. Áiritheoidh gach Ballstát nach mó ná 350 an líon FADanna a mbeidh baoithe gléasta gníomhachtaithe acu a dhéanfaidh soithí peas-saighne dá chuid a imscaradh ar muir ag aon am amháin. Ní dhéanfar na baoithe a ghníomhachtú ach amháin ar bord soithigh peas-saighne.

Airteagal 43

An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar cholgáin

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar le hiascaireacht a dhéanamh ar cholgáin (*Xiphias gladius*) i limistéir de chuid limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteach de 20° D.

Airteagal 44

Teorainneacha gabhála le haghaidh colgáin in iascaigh spiléireachta laisteas de 20° D

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na gabhálacha colgán (*Xiphias gladius*) laisteas de 20° D ag soithí spiléireachta in 2023 thar an teorainn a leagtar amach in Iarscríbhinn IG. Áiritheoidh siad freisin nach n-aistrefar an iarracht iascaireachta le haghaidh colgán chuig an limistéar atá lastuaidh de 20° D dá bharr sin.

Airteagal 45

Síodsiorcanna agus siorcanna bána aigéanacha

1. Cuirfear toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán na speiceas seo a leanas a choinneáil ar bord, a thabhairt i dtír, a thrasloingsiú nó a stóráil i limistéar Choinbhinsiún WCPFC:
 - (a) síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*);
 - (b) siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*).
2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

ROINN 10
MUIR BHEIRING

Airteagal 46

Toirmeasc ar iascaireacht ar mhórmhuir Mhuir Bheiring

Cuirfear toirmeasc ar mhangaigh (*Gadus chalcogrammus*) a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring.

ROINN 11
LIMISTÉAR CHOMHAONTÚ SIOFA

Airteagal 47

Teorainneacha le hiascaireacht ghrinnill

Maidir le soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu a iascann i limistéar Chomhaontú SIOFA, áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

- (a) go ndéanfar a n-iarracht iascaireachta grinnill bhliantúil a theorannú go dtí an leibhéal a leagtar amach in Iarscríbhinn X;
- (b) nach ndéanfar iascaireacht ghrinnill ach i gcás ina n-úsáidtear spiléir ghrinnill;
- (c) nach ndéanfar iascaireacht i limistéir Atlantis Bank, Coral, Fools Flat, Middle of What, ná Walter's Shoal, ar limistéir iad atá faoi chosaint eatramhach, mar a shainítear in Iarscríbhinn IK, ach i gcás ina n-úsáidtear spiléir ghrinnill agus ar an gcoinníoll breathnóir eolaíoch a bheith ar bord acu i gcónaí le linn dóibh a bheith ag iascaireacht sna limistéir sin.

Airteagal 48

Toirmeasc ar dhíriú ar shiorcanna domhainfharraige

Cuirfear toirmeasc ar iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar na siorcanna domhainfharraige seo a leanas i limistéar Chomhaontú SIOFA:

- (a) an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*);
- (b) an fíogach éansocach (*Deania calcea*);
- (c) an siorc slogach (*Centrophorus granulosus*);
- (d) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*);
- (e) catsúileach Bach (*Bythaelurus bachi*);
- (f) ciméara an bhéal dorcha (*Chimaera buccanigella*);
- (g) ciméara Falkor (*Chimaera didierae*);
- (h) siorc taibhsiúil an mhairnéalaigh (*Chimaera willwatchi*);
- (i) an fíogach slim socfhada (*Centroscymnus crepidater*);
- (j) siorc Plunket (*Centroscymnus plunketi*);
- (k) an fíogach slim (*Zameus squamulosus*);

- (l) an lóchransiorc bánleicneach (*Etmopterus alphas*);
- (m) catsúileach an bhoilg bhig (*Apristurus indicus*);
- (n) ciméara socfhada (*Harriota raleighana*);
- (o) catsúileach an chinn chaoil (*Bythaelurus tenuicephalus*);
- (p) an siorc rufach (*Chlamydoselachus anguineus*);
- (q) an siorc bó mórshúileach (*Hexanchus nakamurai*);
- (r) an lóchransiorc mín (*Etmopterus pusillus*);
- (s) suansiorc an deiscirt (*Somniosus antarcticus*);
- (t) an siorc gruagaigh (*Mitsukurina owstoni*).

TEIDEAL III
DEISEANNA IASCAIREACHTA
LE hAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍORTHA IN UISCÍ AN AONTAIS

Airteagal 49

*Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua
ar foluain acu agus soithí iascaireachta a bheidh cláraithe in Oileáin Fharó*

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua ar foluain acu agus soithí iascaireachta atá cláraithe in Oileáin Fharó, féadfar iad a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403.

Airteagal 50

*Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu,
atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe agus a cheadúnaíonn riarachán iascaigh de chuid na Ríochta
Aontaithe*

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe agus a cheadúnaíonn riarachán iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe, féadfar iad a údarú le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais faoi réir na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/2403.

Airteagal 51

Aistrithe cuótaí nó malartuithe cuótaí leis an Ríocht Aontaithe

1. Déanfar aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo.
2. Aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cuótaí a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe, féadfaidh sé achoimre ar an aistriú cuótaí nó ar an malartú cuótaí a phlé leis an Ríocht Aontaithe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach.
3. I gcás ina bhformhuineoidh an Coimisiún imlíne an aistrithe cuótaí nó an mhalartaithe cuótaí dá dtagraítear i mír 2 ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith, cuirfidh sé in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal den aistriú cuótaí nó den mhalartú cuótaí sin. Cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh.
4. Maidir leis na deiseanna iascaireachta a fhaightear ón Ríocht Aontaithe nó a aistrítear chuici faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh, measfar é a bheith ina chuóta arna chur le cionroinnt chearta an Bhallstáit lena mbaineann nó arna asbhaint ón gcionroinnt sin, ón nóiméad a thugtar fógra maidir leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí i gcomhréir le mír 3. Leis na haistrithe agus na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don eochair leithdháilte chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

Airteagal 52

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu, beidh siad faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403.

Airteagal 53

Údaruithe iascaireachta

Is mar a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a bheidh an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí tríú tír a dhéanfaidh iascaireacht in uiscí an Aontais.

Airteagal 54

Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír

Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7 den Rialachán seo maidir leis na gabhálacha agus na foghabhálacha a dhéanfaidh soithí tríú tír faoi na húdaruithe dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán seo.

Airteagal 55
Speicis atá faoi thoirmeasc

1. Ní dhéanfaidh soithí tríú tír na speicis seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír i gcás ina ngeofar in uiscí an Aontais iad:
 - (a) an roc réaltach (*Amblyraja radiata*) in uiscí an Aontais i ranna 3a agus 7d ICES; agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4;
 - (b) an sciata coiteann (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3, 4 agus 6 go 10 ICES;
 - (c) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 4 agus 6 go 8 ICES;
 - (d) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*), an fíogach éansocach (*Deania calcea*), an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*), an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*) agus an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES;
 - (e) an craosaire (*Lamna nasus*) in uiscí uile an Aontais;
 - (f) an roc garbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;

- (g) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 6, 9 agus 10 ICES;
 - (h) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) in uiscí an Aontais sa Mheánmhuir;
 - (i) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) in uiscí uile an Aontais;
 - (j) an gainneachán flannbhuí (*Hoplostethus atlanticus*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 3 go 4 agus 6 go 10 ICES;
 - (k) siorcanna domhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid D, in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 6 go 10 ICES; agus in Uiscí an Aontais i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CEECAF.
2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 56

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2022/109

In Iarscríbhinn IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/109, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla maidir le deiseanna iascaireachta caibeallán (*Mallotus villosus*) in uiscí na Graonlainne 5 agus 14:

‘Speicis:	An daba gorm <i>Mallotus villosus</i>	Limistéar: Uiscí na Graonlainne in 5 agus 14 (CAP/514GRN)
An Danmhairg	0	TAC anailíseach
An Ghearmáin	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
An tSualainn	0	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
Na Ballstáit uile	0 (1)	
An tAontas	0 (2)	
An Iorua	7 760 (2)	
TAC	Ní bhaineann le hábhar	
(1)	Ní bheidh rochtain ag an Danmhairg, an Ghearmáin, agus an tSualainn ar an gcuóta ‘Na Ballstáit uile’ go dtí go mbeidh a gcuóta féin ídithe acu. Ní bheidh rochtain ar bith, áfach, ar an gcuóta ‘na Ballstáit uile’ ag Ballstáit a bhfuil níos mó ná 10 % de chuóta an Aontais acu. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (CAP/514GRN_AMS).	
(2)	Maidir le tréimhse iascaireachta ón 15 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 15 Aibreán 2023.’.	

Airteagal 57

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 58

Forálacha idirthréimhseacha

1. Leanfaidh Airteagail 11 go 13, 15 go 17, Airteagal 18(1), pointí (a) go (n), Airteagail 22, 25, 32, 33, 38 go 40, 45, 46, 48 agus Airteagal 55(1), pointí (a) go (i), d'fheidhm a bheith acu, *mutatis mutandis*, in 2024 go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socrófar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2024 i bhfeidhm.
2. Leanfaidh Airteagal 18(1), pointí (o) agus (p), agus Airteagal 55(1), pointí (j) agus (k), d'fheidhm a bheith acu, *mutatis mutandis*, in 2025 go dtiocfaidh an Rialachán lena socrófar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2025 i bhfeidhm.

Airteagal 59

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. Mar sin féin:

- (a) Beidh feidhm ag Airteagal 6(4), Airteagal 18(1), pointí (o) agus (p), agus Airteagal 55(1), pointí (j) agus (k), ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024;
- (b) Beidh feidhm ag Airteagal 13 ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 le haghaidh na tréimhse coiscthe nó na dtréimhsí i bhfolimistéir gheografacha CIGM 1 go 27, agus ón 1 Márta 2023 go dtí an 31 Márta 2024 le haghaidh na tréimhse coiscthe nó na dtréimhsí i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES;
- (c) Beidh feidhm ag Airteagal 21 ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024;
- (d) Beidh feidhm ag Airteagail 27, 28 agus 29 agus ag Iarscríbhinn VII ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 30 Samhain 2023;
- (e) Beidh feidhm ag Airteagal 26(2) ón 17 Nollaig 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022;
- (f) Beidh feidhm ag Airteagal 35(1), pointe (a), ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 19 Eanáir 2024;
- (g) Beidh feidhm ag Airteagal 56 ón 15 Deireadh Fómhair go dtí an 15 Aibreán 2023;
- (h) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn I freisin maidir leis an mbliain 2024, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin;

- (i) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn IK ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 30 Samhain 2023, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin;
- (j) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn II ón 1 Feabhra 2023 go dtí an 31 Eanáir 2024.
- (k) Ba cheart gan fheidhm a bheith ag an uasmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh an fhíogaigh ghobaigh (DGS/03A-C, DGS/2AC4-C agus DGS/15X14) a thuilleadh ar an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm lena dtugtar isteach bearta comhfhreagracha agus lena rialaítear láimhseáil ghabhálacha na stoc sin os cionn 100 cm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán